Mar thoradh ar chomhfhiontar i 2004 de thrí Roinn Rialtais - an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil - tá iallach ar Áisinteachtaí Áitiúla Forbartha a bPleananna Gnó bliantúla a chur faoi bhráid an CDB le ceadú. Tá iallach ar an CDB na pleananna seo a sheiceáil chun a chinntiú go gcloíonn siad le straitéis 10-mbliana CDB. Déanfaidh an Grúpa SIM mionscrúdú ar na pleananna freisin.

Clár Éachtaí Sóisearacha

Le linn 2004, ghlac cuid mhór d'fhoireann na Rannóige Pobail agus Fiontair sa chlár seo a d'eagraigh Rannóg Acmhainní Daonna de Chomhairle Contae na Mí.

Seirbhísí Leabharlainne

Mar thoradh ar an bPlean Forbartha Leabharlainne 2001 – 2005 deineadh dul chun cinn i bhforbairt na léitheoirí, ócáidí agus oscailt oifigiúil de thrí fhoirgnimh nua leabharlainne.

Buaicphointí na bliana 2004:

Oscailt Oifigiúil de Leabharlann Chill Dhéagláin, Bealtaine 2004

Tá achar 9,500 troigh cearnach san iomlán sa Leabharlann seo, agus dhá leibhéal ann ina bhfuil ceantar mór do pháistí, ceantair TF do dhaoine fásta agus páistí ina bhfuil trí ríomhaire déag, ceantar Playstation, ceantar do mhéarchláir ceoil, 2 sheomra ócáide do ghrúpaí pobail, ceantair staidéir agus Bailiúchán Ceoil na Leabharlainne. Is í Leabharlann Chill Dhéagláin an Leabharlann is mó sa chontae agus is é príomhthionscnamh an Phleain Forbartha na Leabharlainne é. D'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta Noel Dempsey T.D. an leabharlann go hoifigiúil. Tá an Leabharlann nasctha le Siopa Aon Stad na Comhairle san ionad nua i lár an bhaile i gCill Dhéagláin. Sa chéad mhí cláraíodh 2,500 iasachtaí borrowers agus d'fhreastail an leabharlann ar 11 grúpaí pobail lena n-áirítear Gasóga, grúpa Tuistí agus Páistí, grúpa ealaíona Ráth Tó agus Grúpa Eolais an Phobail. Faoi dheireadh 2004 bhí breis agus 50% den daonra áitiúil cláraithe. Bíonn sé ar oscailt do 45 uair sa tseachtain, oscailt déanach san áireamh go 8.30i.n. Dé Máirt agus Déardaoin agus osclaíonn sé gach Satharn ó 10r.n.– 5i.n.

Oscailt Oifigiúil de Leabharlann an tSeanchaisleáin, Bealtaine 2004

Tá 1,400 troigh cearnach i Leabharlann an tSeanchaisleáin agus críochnaíodh an tionscnamh i bpáirtnéireacht le Cumann Creidmheasa an tSeanchaisleáin. Tá an Leabharlann suite ar urlár an talún san fhoirgneamh agus roinntear seomra cruinnithe leis an gcumann chun cuidiú le hócáidí de chuid na leabharlainne. Tá ceithre ríomaire aige agus níos mó ná 8,000 teideal. Bíonn sí ar oscailt do 30 uair sa tseachtain agus bíonn sí ar oscailt go déanach Dé Máirt agus Déardaoin agus ar fud an lae Dé Sathairn.



Oscailt Oifigiúil de Leabharlann Dhún Bóinne, Bealtaine 2004

Tá 3,000 troigh cearnach i Leabharlann Dhún Bóinne agus tá ceantar breá ann do pháistí agus ocht ríomhaire Idirlín d'úsáid an phobail. D'oscail Cathaoirleach na Comhairle, an Comhairleoir Oliver Brooks an Leabharlann go hoifigiúil. Cuid d'ionad nua is ea é, ina bhfuil áiseanna do Rehab Care agus Bord Sláinte an Oirthuaiscirt. Tá níos mó de 11,000 mír ag an Leabharlann seo agus bíonn sí ar oscailt 43 uair sa tseachtain, agus ar osscailt go déanach dhá lá sa tseachtain agus bíonn sí ar oscailt freisin maidin Sathairn.

Leathnú ar Uaireanta Oscailte na Leabharlainne

Mí	Location	Uaireanta Leathnaithe	Laethanta
Eanáir 2004	An Uaimh	29.5 go 49	6, Satharn san áireamh
Eanáir 2004	Dún Bóinne	16 go 43	6, Satharn san áireamh
Feabhra 2004	An Seanchaisleán	7 go 30	5, Satharn san áireamh
Márta/Aibreán 2004	Cill Dhéagláin	9 go 45	5.5, Satharn san áireamh

- ◆ Meán na n-uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha anois 40.16.
- ◆ Meán na n-uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirtaimseartha anois 17.

Staidéir Áitiúla:

D'eagraigh Roinn na Staidéar Áitiúla den tSeirbhís Leabharlainne ócáidí éagsúla le linn 2004 lena n-áirítear:

- ◆ In Aibreán seoladh closleabhar na leabharlainne 'Would they were with us again' i Leabharlann Bhaile Átha Troim. Seo an chéad closleabhar den tsórt seo a d'fhoilsigh seirbhís leabharlainne in Éirinn. Paddy Smith, ó The Farming Independent a rinne an tráchtairacht ar an leabhar agus a labhair ag an seoladh. Tá sé ar fáil anois ar iasacht i leabharlanna uilig na Mí.
- ◆ I mí Meán Fómhair i gcomhair leis an bhFoireann Imeachtaí eagraíodh réimse leathan d'imeachtaí chun Seachtain Náisiúnta Oidhreacht a cheiliúradh. Bhí seisiún ann le baill de Chomhaltas Ceoltoiri Eireann, agus taispeántais leabhar agus grianghrafa ar fud an chontae. Cuireadh cuid den bhailiúchán Béaloideas Scoile ar fáil i Leabharlann Chill Dhéagláin.
- ◆ Eagraíodh ceardlann 'Publish and be in demand' i Leabharlann Chill Dhéagláin i mí na Nollag ag tabhairt eolais agus tacaíocht do ghrúpaí áitiúla ar eolas stairiúil a fhoilsiú. Bhí cainteanna ann ó ionadaithe ann ó fhoilsitheoirí áitiúla, údair áitiúla agus an Leabharlannaí Staidéar Áitiúla, Frances Tallon. D'éirigh chomh maith leis an gceardlann seo gur aontaíodh é a chur ar siúl in aghaidh na bliana.
- ◆ I Mí na Nollag i gcomhair leis an Roinn Staidéar Áitiúla, d'eagraigh Cumann Seándálaíochta agus Staire na Mí seoladh de leabhar nua ar staidéir áitiúla don Mhí 'The land and people of County Meath 1750 –1850' le Peter Connell i



Leabharlann na hUaimhe atá ar fáil anois ar iasacht ón tSeirbhís Leabharlainne.

- ◆ I mí na Nollag freisin seoladh an láithreán náisiúnta ‘Ask about Ireland’ (www.askaboutireland.ie) Ghlac an Roinn Staidéar Áitiúla sa togra seo a d’eagraigh An Comhairle Leabharlanna ag díriú ar na téamaí seo a leanas: Fás tobac sa Mhí, Tithe Móra na Mí, Tithe Ceann Tuí na Mí, Teach na mBocht Dhún Seachlainn

Is féidir an láithreán a fheiceáil saor in aisce i Leabharlanna uilig na Mí.

Leabharlanna agus Ilghnéitheacht Chultúrtha

I mí na Márta ghlac Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí páirt sa togra taighde “Leabharlanna agus Ilghnéitheacht Chultúrtha”. Dhírigh an togra seo ar sholáthar de sheirbhísí ilghnéitheacha leabharlainne go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta chun cuidiú le pleanáil straitéiseach d’fhorbairt na seirbhísí seo i leabharlanna na hÉireann amach anseo. Deineadh an chéad suirbhé riamh d’úsáid leabharlainní na hÉireann ag eachtrannaigh.

An Chomhairle Leabharlainne a bhunaigh an togra seo agus bhí trí údarás leabharlainne páirteach ann .i. Leabharlanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí agus Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge.

Bhí sé d’aidhm ag an dtogra a fhiosrú conas is féidir le leabharlanna na hÉireann seirbhís leabharlainne níos fearr a sholáthar don tsochaí ilchultúrtha in Éirinn inniu tré:

- ◆ Dearcadh, tuairimí agus seirbhísí leabharlainne faoi láthair don tsochaí ilchultúrtha in Éirinn a aithint
- ◆ Fiosrú ar sholáthar de sheirbhísí ilchultúrtha leabharlainne ag leibhéal idirnáisiúnta.
- ◆ An sochaí ilchultúrtha san contaethe cuí a ainmniú agus cure síos a dhéanamh air.
- ◆ Riachtanais seirbhíse leabharlainne a shainmhíniú don tsochaí ilchultúrtha atá aitheanta sna ceantair seo
- ◆ Seirbhís Leabharlainne cuí a fhorbairt don tsochaí ilchultúrtha sna contaetha a ghlac páirt sa togra.
- ◆ Tuairisc a scríobh ar na torthaí ag deireadh an togra sa bhliain 2005 .

Forbairt ar Léitheoirí:

Chun forbairt a dhéanamh ar léitheoirí sa tseirbhís leabharlainne cuireadh tús le líon áirithe de chlubanna leabhair do pháistí agus d’aoisigh i 2004. Is mian leis an Seirbhís Leabharlainne an tseirbhís seo a leathnú sa bhliain 2005 don chuid is mó de leabharlanna an chontae.



Seirbhísí Ealaíne

Féile Ealaíon Leanaí (Artsfest)

Arís sa bhliain 2004 d'éirigh thar barr le Artsfest na bPáistí, atá dírithe ar pháistí ó 4 go 12 years. Bhí an-rath ar an bhféile maidir le rochtain, freastal, réimse tíreolaíochta, caighdeán agus réimse na bhfoirmeacha ealaíona. D'fhreastal thart ar 570 páistí ar cheardlanna agus léirithe, a bhí ar siúl ag 11 ionad idir 16 agus 31 Iúil 2004.

Clár na nEalaín agus na Sinsear

Mar thoradh ar an gClár Bealtaine forbraíodh Clár na nEalaín agus na Sinsear chun dhá thionscnamh fad-téarmacha agus tionscnamh amháin gearrthéarmach a sholáthar i dtrí ghrúpa Active Age: Nobber Friendship Club, Oldcastle Active Retirement Group agus Ashbourne and District Senior Citizen's Group.

I gclár an tSeanchaisleáin bhí dráma cruthaitheach agus scríbhneoireacht; san Obair bhí péinteáil aicriligh bunaithe ar chuimhní an óige. Thosaigh an dá chlár seo i mí Dheireadh Fómhair 2003 agus chríochnaigh siad i mBealtaine 2004 i gcomhair le Féile na Bealtaine. Bhí péinteáil ann freisin sa chlár gearrthéarmach i gCill Dhéagláin, a mhair ó Márta go Meitheamh 2004. Bhí sé d'aidhm ag na tograí ar fad clár ealaíona proifisiúnta a sholáthar maraon le taithí thaitneamhach dóibh siúd a ghlac páirt ann.

I ngach cás bhí taispeántas ann ag deireadh de shaothar na ndaoine a ghlac páirt ann.

Bealtaine 2004

Bhí Féile na Bealtaine dírithe ar léirithe d'ealaíontóirí proifisiúnta, á n-eagrú ag na grúpaí Lucht Scoir Ghníomhacha ina n-ionaid féin, agus ceolchoirmeacha poiblí. Bhí tráthnónta ceoil ann leis an Rothko String Trio; amharclann le Two Chairs Theatre Company agus Tall Tales Theatre Company; ceolchoirm Music Network Young Musicwide le Max Levinson ar phianó agus Carol McGonnell ar chlairnéid. Chuir Leabharlann Chester Beatty Library ceardlann ar fáil ar Chultúr na Seapáine.

I measc na n-imeachtaí eile bhí:

- ◆ seoladh an fhoilseacháin de chuid Oldcastle Active Retirement Group - 'A Slice of Life' - mar thoradh ar an gclár drámaíochta agus ealaíona a d'éascaigh Alice Barry ó Noggin Theatre Company. Sheol an Comhairleoir Anne Dillon Gallagher, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae na Mí an foilseachán;
- ◆ oscailt thaispeántas Nobber Friendships Club, 'Marks Emerging' - toradh ar an gclár ealaíona a d'éascaigh an t-ealaíontóir Noreen Walshe. Rinne an Comhairleoir Anne Dillon Gallagher, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae na Mí an seoladh seo freisin agus d'fhreastail níos mó ná 150 ar an ócáid;
- ◆ oscailt an taispeántais de chuid Ashbourne and District Senior Citizen's Group ag deireadh an chlár ealaíona, a d'éascaigh an t-ealaíontóir Aileen Hamilton.



Ealaíona san Oideachas

Bhí cónaitheacht drámaíochta ghearrthéarmach, i gcomhair leis an gCumann Náisiúnta Drámaíochta na nÓg, i gColáiste Beaufort, An Uaimh i mí Meán Fómhair le Alice Barry ó Noggin Theatre agsu éascaitheoirí breise i hgluaiseacht agus ceol. Dearadh é do mhic léinn san idirbhliain agus é d'aidhm aige traidisiún de dhrámaíocht na n-óg a thógáil agus a chothú laistigh den chontae chun cuidiú le pleananna d'Amharclann na nÓg mar a léirítear i bPlean Forbartha Ealaíona an Chontae.

Cónaitheacht Ceoil Scoil Chláirsigh na Mí

I gCéim I agus II den chónaitheacht bhí ceardlanna ann ar 'Harping in 17th and 18th Century Ireland' le Kathleen Loughnan; 'The Wire Stung Harp in Ireland' le Siobhán Armstrong; agus forbairt ar an Meath Harp Ensemble le Dearbhail Finnegan. Tá clú agus cáil idirnáisiúnta ar an dtríúr.

I gCéim III bhí ceardlanna ar 'Caring for and Restringing the Harp' le Dearbhail Finnegan; 'Irish Traditional Harp Music' le Gráinne Hambly; agus cóiriúchán ar thrí phársa ceoil le comhcheol trí-pháirt d'obair ghrúpa le hoiliúint dheireadh seachtaine ar an dtrí phársa le Michael Rooney.

I gCéim IV bhí ceardlanna ann ar cheol claisiceach le Clíona Dorris, an cláirseoir ceolchoirme is túisce in Éirinn, cleachtadh stíle agus oiriúna le Aibhlin McGrann; agus ceardlann ar cheol aragail le Cormac de Barra, an cláirseoir fir is túisce in Éirinn. Leantar leis an leathnú ar an leabharlann do cheol agus acmhainní.

Clár Oiliúna “Na hEalaíona i gComhthéacs”

Bhí sé d'aidhm ag an gclár seo forbairt agus feabhas a chur ar éascú, pleanáil, forbairt, measúnú agus anailís critice d'ealaíontóirí atá ag obair nó ar mian leo obair a dhéanamh sa phobal agus chun líon na n-éascaitheoirí oilte a mhéadú chun obair a dhéanamh in earnáil na healaíona sa chontae. D'éirigh thar barr leis an gclár seo, agus moladh go hard é as an ábhar agus an raon. Bhí dian-oiliúint ann ar feadh seachtaine le healaíontóirí agus comhairleoirí ealaíne. I measc na gcúrsaí bhí:

- ◆ 'The Role of the Community Arts Worker' le Declan Gorman
- ◆ 'Groupwork and Facilitation' le Maeve McIvor
- ◆ 'Programme Planning and Evaluation' le Marcella Bannon
- ◆ Dhá chúrsa ar 'Youth Arts' le Rebecca Bartlett
- ◆ 'Arts and Disability/Arts and Health' le Helen Blackhurst agus
- ◆ 'Evaluation Day', le Helen Blackhurst freisin.

Féilte agus Ócáidí

Tugadh tacaíocht i mbliana d'Fhéile Chláirsigh Uí Chearbhalláin in An Obair, Féile na nEalaín Comhaimseartha “Le Chéile” sa Seanchaisleán; Fleadh na Mí, An Bóthar Buí agus Féile Oidhreachtá Cheanannas.

I measc na n-ócáidí bhí included:

- ◆ Oícheanta Áirneán, CCÉ i gCill Dhéagláin



- ◆ Ceolchoirm Young Musicwide, Max Levinson agus Carol McGonnell in Eaglais Naomh Mhuire in An Uaimh i mí Bealtaine
- ◆ Dhá ceolchoirm ag Rothko String Trio i gCeanannas agus Baile Iúiliáin, i mí Bealtaine freisin
- ◆ Ceolchoirm snagcheoil sa Seanchaisleán ag Babatunde Lea Jazz Quartet i mí Dheireadh Fómhair
- ◆ Léiriú de Shirley Valentine ag Bare Bodkin in An Uaimh go luath i mí Dheireadh Fómhair
- ◆ Dhá ceolchoirm claisiceach in Eaglais Naomh Mhuire (Craig Ogden, Giotár agus Trio Turner)

Clár Fhísealaíona

Bhí clár fuinniúil d'fhísealaíona ann i 2004.

Sa Dánlann Toradh le linn 2004 bhí taispeántais ag na healaíontóirí seo a leanas:

- ◆ Theresa MacNamee - grianghrafadóireacht
- ◆ Anne Darcy - meáin measctha
- ◆ Liam Fox - ola/meáin measctha
- ◆ Brunswick mill studios - grúphtaispeántas
- ◆ Rebecca Hughes - meáin measctha
- ◆ Siobhan Fitzpatrick - ola
- ◆ Mary Noonan - ola/peann luaidhe
- ◆ Anne Mullen-O'Brien - meáin measctha
- ◆ Geoffrey O'Keefe - aicriligh
- ◆ Yvonne Cullivan - meáin measctha

Sa Spás an Taispeántais in Oifig an Phobail i gCill Dhéagláin bhí roinnt áirithe de thaispeántais ad hoc i 2004, le saothar ó ealaíontóirí Aileen Hamilton, Jean Clyne, Noreen Walshe agus Patrick Morris. Bhí taispeántas catharnachta de phictiúirí agus saothair ceirmeacha ag Noreen Walshe agus Gráinne Wright i mí na Samhna ar son Ospidéal na bPáistí i Sráid an Teampaill. Rinne an t-aisteoir Brendan Gleeson an taispeántas agus d'éirigh thar barr leis.

Ealaíon Phoiblí

Faoin Scéim “Céatadán d'Ealaíon” tá ceithre shaothar dealbhóireachta suite anois:

- ◆ **Voyager** le *Linda Brunker* ag An Inse
- ◆ **Equilibrium** le *Orla de Bri* ag Oifig an Phobail i nDún Seachlainn
- ◆ **Horseshoe Seat** le *Betty Newman Maguire* ag Ráth Tó
- ◆ **Flying a Kite** le *Jarlath Daly* ag Baile an Bhiataigh

Bhí cinneadh d'aon ghuth ag an gcoiste de Chomhairlí Chill Dara, na Mí agus na hlarmhí ar an ealaíontóir/saothar don chuid Cill Choca/An Bóthar Buí/Cionn Átha Gad den mhótarbhealach M4 sa bhliain 2004. Roghnaíodh Enclosure leis an ealaíontóir Chorcaíoch John O'Connor. Ealaíontóir clúiteach is ea é, agus an-chuid saothair poiblí déanta aige le 5 bliana anuas.



Ionad Ealaíona na Mí

Síníodh na conarthaí deiridh chun Ionad Ealaíona na Mí a thógáil in An Uaimh i mí Lúnasa agus thosaigh an obair láithreach. Meastar go gcríochnófar an t-ionad i mí na Nollag 2005 agus beidh Amharclann ann le suíocháin do 320 daoine, áiseanna iomlána do léirithe damhsa, ceoil agus drámaíochta, áiseanna caifé/beáir, ceantair do cheardlann, spás do thaispeántais agus oifigí riaracháin.

Clár Forbartha Ealaíona Proifisiúnta

Léirigh Noggin Theatre Company, An Seanchaisleán, an dráma Rum 'n Raisin, a fuair maoiniú ó Oifig Ealaíona na Comhairle, ag an Sibiu International Festival agus an Prague Fringe Festival i mí Bealtaine. Aontaíodh go mbeadh comhoibriú ar léiriú eile ann do 2004/2005.

Tugadh maoiniú freisin do léiriú de Shirley Valentine ag Bare Bodkin Theatre Company, An Uaimh i mí Dheireadh Fómhair agus don Aurora Theatre Company, AN Seanchaisleán, don dráma The Good Sister, leis an úrscéalaí Noelle Harrison (ar foilsíodh a h-úrscéal Beatrice i mbliana).

RAPID na hUaimhe

Ó líne tosaigh RAPID ...

BHUEL, táimid ag druidim le deireadh na tríú bliana de Chlár RAPID san Uaimh agus anois faoi dheireadh tá dul chun cinn tapaidh á dhéanamh!!

Bhí trí aidhm ag an gClár RAPID nuair a seoladh é:

- ◆ infheistíocht a mhéadú,
- ◆ comhtháthú feabhsaithe de soláthar seirbhísí a éascú, agus
- ◆ forbairt phobail a fheabhsú.

Trí bliana ina dhiaidh sin tá fíor-rath le sonrú sna trí réimsí sin.

Ar dtús bhí sé an-deacair dulo chun cinn a dhéanamh agus bhí díomá ar dhaoine sa phobal toisc go raibh an-dóchas acu go bhfeabhsódh cúrsaí go tapaidh. Níor tharla seo ach ar ámharaí an tsaoil is pobal láidir iad na daoine ar na heastáit RAPID san Uaimh agus níor tháinig laige ar a gcreideamh go mbeadh feabhas ar an scéal. Tá an láidreacht agus an creideamh seo anois i gcroílár na hoibre RAPID ar fad a déanta in An Uaimh. Tá gach rud a dhéanaimid bunaithe ar phobal agus inbhuaine.

Tháinig borradh faoi chúrsaí nuair a tháinig grúpa den phobal áitiúil le chéil le AIT RAPID agus rinne siad an chéad Suirbhé Anailíse Riachtanais na hUaimhe. D'iarramar ar achan duine ag cónaí san heastáit RAPID a rá linn cad iad an rudaí a thaitin leo agus na rudaí nár thaitin leo faoina gceantar. Sheol an tAire Noel Dempsey torthaí na taighde seo i mí Iúil 2004 agus thug siad an t-eolas agus na tuairimí dúinn a bhí riachtanach chun tús a chur le rudaí.



Tá dul chun cinn iontach déanta. Bhí infheistíocht de bhreis ag €1m san iomlán ón rialtas agus áisínteachtaí áitiúla. Áirítear san infheistíocht seo:

- ◆ Breis agus €200,000 infheistithe i bhfeachasúcháin eastáit agus ceannasú tráchta in eastáit RAPID.
- ◆ Maoiniú de €200,000 curtha ar fáil do chlósanna súgartha. Tá péire díobh seo tógtha (Clochar Buí agus Corrán Naomh Cholomban) agus tá tríú ceann pleanáilte don bhliain seo.
- ◆ Breis agus €100,000 curtha ar fáil ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun feacht a chur chun cinn maidir le drugaí.
- ◆ Breis agus €250,000 geallta don Uaimh ón gClár Chomhionannais do Mhná, a úsáidfear chun tacú le cláracha ar nós Modh Mear don Teicneolaíocht Faisnéise (Fasttrack to Information Technology (FIT)) do mhná agus an Togra Winner.
- ◆ Geallúint d'infheistíocht ó FÁS, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Coiste Gairmoideachais chun tacú leis an gClár FIT san Uaimh.
- ◆ Breis agus €50,000 geallta ó ADM chun tacú go díreach le forbairt phobail.
- ◆ Infheistíochtaó eile in oiliúint agus ócáidí phobail atá riachtanach d'fhorbairt aon phobail ar bith.

Ach tá sé níos tábhachtaí ná méadú infheistíochta. Feicimid leibhéal méadaithe de rannpháirtíocht an phobail, tá daoine ag labhairt os ard agus ag rá gur mian leo a bheith páirteach i gcruthú phobail níos fearr dóibh féin agus dá bpáistí.

Tá RAPID dírithe ar thacú le himeachtaí phobail agus iad a chur chun cinn. Baineann na himeachtaí seo le daoine ón bpobal ag obair leis na húdarais áitiúla, an Garda Síochána, an FSS agus eile chun tacaíocht agus seirbhísí nua a sholáthar don phobal.

Áirítear i measc na n-imeachtaí seo:

- ◆ Seoladh an dara Champa Samhraidh do Pháistí – Club na Gréine. Tá an cumann seo go speisialta do pháistí ó eastáit RAPID agus eagraíonn an pobal é le cabhair ó ghrúpaí áitiúla, ina measc Páirtnéireacht Aitiúil Spóirt na Mí, Springboard agus Clár Chríochnaithe Scoile na hUaimhe, agus tá sé ar siúl in Staid Claremont Stadium i mí Iúil na bliana seo.
- ◆ Club Óige Chlochar Buí - Bainfidh páistí níos óige in eastáit Chlochar Buí taitneamh as an ngrúpa nua do pháistí a thosóidh an bhliain seo chugainn agus a bheidh a thacú ag an bpobal agus Aonad Tacaíochta Clainne FSS.
- ◆ Féile na bPáistí - I mí Bealtaine reachtáilleadh an dara Féile na bPáistí, a d'eagraigh CDP na hUaimhe agus ar thacaigh an pobal agus áisínteachtaí áitiúla léi.
- ◆ I mí Iúil beidh an dara “Spraoi an Teaghlaigh” ann chun spiorad an phobail a fheabhsú i measc na ndaoine ó gach cearn den domhain atá ina gcónaí san Uaimh. Mar a thuitfeadh ón ainm beidh spraoi ann do chách le peil, bia agus deoch i measc na bpléisiúr eile. Bíonn iliomad eagraíochtaí áitiúla páirteach i reachtáil na hócáide seo, lena n-áirítear: Cultur, Comhairle Contae na Mí, Páirtnéireacht Aitiúil Spóirt na Mí, CDP na hUaimhe, CIC, CGO agus an-chuid grúpaí phobail.
- ◆ I mí na Nollag tionóladh an céad ócáid Nollag RAPID i Staid Claremont.



Níl anseo ach cuid dena himeachtaí a thacaigh RAPID leo i rith na bliana agus tá súil againn go mbeadh neart eile ag teacht le tacaíocht iontach an phobail ar eastáit RAPID san Uaimh.

Oifigeach Oidhreachta

Clár an Oifigh Oidhreachta

Comhaontú is ea Clár an Oifigh Oidhreachta idir an Chomhairle Oidhreachta agus na hÚdarás Aitiúla.

Is í an oidhreachta atá mar bhunús lenár bhféiniúlacht náisiúnta agus tá tionchar mór aici ar ár gcaighdeán beatha. Tugann an tAcht Oidhreachta, 1995 sainmhíniú ar oidhreachta mar séadchomharthaí, iarsmaí seandálaíochta, nithe oidhreachta, oidhreachta ailtireachta, an dúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, páirceanna agus gairdíní oidhreachta agus uiscebhealaí intíre.

Tá réimse leathan oibre ag an Oifigeach Oidhreachta agus déantar an obair ar bhealach comhtháite, ar bhunús ildhisciplíneach.

Aidhmeanna:

Leibhéil feasachta agus tuisceana a chothú, a chruthóidh meas agus caomhnú níos fearr ar oidhreachta nádúrtha, shaorga agus chultúrtha na Mí.

Faoi réir na n-aidhmeanna thuasluaite rinne an Oifig Oidhreachta na tionscnaimh seo thíos sa bhliain 2004:

- ◆ **Comhordú ar ullmhúchán agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta an Chontae.**
Faoi réir an Phlean Náisiúnta Oidhreachta (2002) caithfidh gach Údarás Aitiúil Plean Oidhreachta Contae 5-bliana a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Sa bhliain 2004 críochnaíodh an obair ullmhúcháin ar fad do Phlean Oidhreachta na Mí. Tosóidh an próiseas foirmeálta i 2005.
- ◆ **Bailiúchán agus scaipeadh eolais oidhreachta**
Tá an próiseas seo ar siúl. Tá sé mar bhunús le próiseas an Phlean Oidhreachta, obair an Oifigh Oidhreachta agus cothaíonn sé feasacht sa phobal ar dheachleachtas.
- ◆ **Suim, oiliúint, eolas agus bród san oidhreachta a chothú**

Seimineár ar Bhailte Slachtmhara

Chun comhairle a chur ar ghrúpaí ar an dóigh le hoidhreachta nádúrtha, chultúrtha agus saorga a mbailte agus a sráidbhailte a fheabhsú, reachtáilleadh seimineár i gColáiste Warrenstown, in Aibreán 2004.

D'fhreastail breis agus 40 daoine agus i measc na gcainteoirí bhí David McLoughlin, An Roinn CORÁ, Helen O'Keeffe, CAAS Environmental Consultants; Jill Chadwick, Oifigeach Chaomhnuithe na Mí/an Lú, an Dr. Niamh Roche, Comhairleoir Fhiadhúlra,



Loreto Guinan, Oifigeach Oidhreachta na Mí agus Victor Buckley, Seirbhís Náisiúnta na Séadchomharthaí, An Roinn CORÁ.

Scaipeadh pacáí eolais agus bhí cruinnithe eile ina dhiaidh sin le grúpaí aonair..

Seirbhís Pleanála do Bhailte Slachtmhara

Bhunaigh Roinn Pobail agus Fiontair de Chomhairle Contae na Mí Seirbhís Pleanála do Bhailte Slachtmhara sa bhliain 2004 chun cuidiú le grúpaí “Plean 5-Bliana do Bhailte Slachtmhara” a ullmhú. D’oibrigh an Oifig Oidhreachta in éineacht le CAAS Environmental Consultants ar staidéar píolótach le Coiste na mBailte Slachtmhara i nDún Doire chun plean cuimsitheach a éascú agus a fhorbairt ag cloí le prionsabail an dheachleachtais.

Reiligí

Tionóladh seimineár ar ‘Cúram agus Caomhnú Reiligí’ san Uaimh i Meán Fómhair, agus é d’aidhm aige an pobal agus foireann Údaráis Aitiúil na Mí a oiliúint ar na príomhchoinníollacha reachtaíochta, polasaí agus gnásanna maidir le reiligí.

D’fhreastail céad agus daichead daoine. I measc na gcainteoirí bhí Caimin O’Brien, Seirbhís Náisiúnta na Séadchomharthaí, An Roinn CORÁ, Victor Buckley, Seirbhís Náisiúnta na Séadchomharthaí, An Roinn CORÁ, Éanna Ní Lamhna, Éiceolaí agus Frances Tallon, Leabharlann Chontae na Mí.

Scaipeadh pacá eolais agus bhí iliomad cuairteanna ar reiligí chun nithe a bhain le láithreáin ar leith a phlé. Ina theannta sin:

- ◆ Thug Scéim Deontais Pobail Chomhairle Contae na Mí maoiniú do dhá choiste reilige chun oibreacha chaomhnuithe a dhéanamh agus rinne an tOifigeach Oidhreachta comhairle agus maoirsiú orthu seo le linn 2004
- ◆ Fuair Comhairle Contae na Mí maoiniú cun staidéar oifige a dhéanamh ar reiligí stairiúla sa chontae.

Taispeántais

Reachtáileadh na taispeántais seo a leanas i 2004:

- ◆ Networks for Nature – Leabharlann Chill Dhéagláin, Iúl 2004
- ◆ Sustainable Living – Leabharlann na hUaimhe, Meán Fómhair 2004
- ◆ Wildflowers Not Weeds – Leabharlann Dhún Bóinne, Aibreán 2004
- ◆ Irish Wildlife – Leabharlann na hUaimhe, Bealtaine 2004

Láithreán Oidhreachta

Tugann an láithreán seo eolas ar ghnéithe uilig na hoidhreachta. Deineadh Láithreán Oidhreachta na Mí a fhorbairt agus a sheoladh le linn Seachtain na hOidhreachta 2004 (www.meath.ie/heritage)

Seachtain na hOidhreachta 2004

Rinne an tOifigeach Oidhreachta ócáidí a chomhordú, a spreagadh agus a chothú ar fud an chontae



Comhairle do dhaoine aonair agus grúpaí pobail

Thug an tOifigeach Oidhreachta freagra ar bhreis agus 200 iarratas do chomhairle agus eolas oidhreachta i rith na bliana m.sh. reiligí, bainistiú fhiadhúlra, caomhnú ar shéadchomharthaí, oidhrecht tionsclaíochta, crainn a leagadh, seanfhoirgnimh a atógáil, droichid a atógáil, deontais oidhreachta. Tugadh comhairle freisin ar iarratais maoinithe a líonadh isteach.

Comhairle d'fhoireann an Údaráis Áitiúil

Thug an tOifigeach Oidhreachta comhairle don fhoireann agus thacaigh leo deachleachtas a chur isteach ina ngníomhartha.

Caidreamh le háisínteachtaí

Tá naisc bunaithe le háisínteachtaí reachtúla agus neamh-reachtúla atá ag plé le bainistiú oidhreachta. (Boird Iascaigh, NPWS, National Monuments and Historic Properties, An Músaem Náisiúnta srl.)

Caidreamh le grúpaí pobail ar thionscnaimh oidhreachta

Le linn 2004, tugadh fiche ceathair léacht fhoirmeálta do ghrúpaí pobail agus eagrais atá ag plé le hoidhrecht i gContae na Mí m.sh. cumainn staire, coistí reilige agus grúpaí do bhailte slachtmhara.

Tionscnaimh Oidhreachta

Le linn 2004 bhí Oifigeach Oidhreachta na Mí mar bhainisteoir díreach, comhairleoir nó páirteach san tionscnaimh seo a leanas:

- ◆ Atógáil ar Stella's Cottage, Baile Átha Troiom, Co. na Mí
- ◆ Athchóiriú ar Shean-Oibreacha Uisce, Ceanannas
- ◆ Tionscnamh na Reilige, Ráth Tó
- ◆ Athchóiriú ar thithe folamha, Sláine, Co. na Mí
- ◆ Tionscnamh na Reilige, An Obair
- ◆ Scéime Choillte Bhaile na Rátha
- ◆ Tionscnamh na Reilige, Baconstown
- ◆ Tionscnamh na Reilige, Crosa Caoil
- ◆ Tionscnamh Fheabhsúcháin Shráidbhbaile na Sláine
- ◆ Tionscnamh na Reilige, Damhliag
- ◆ Tionscnamh na Reilige, Cruicetown
- ◆ Tionscnamh na hAbhann Bhailte Slachtmhara Bhaile Átha Buí
- ◆ Bat Conservation Ireland – Tionscnamh Feasachta i gContae na Mí
- ◆ Tionscnamh na Reilige, Trevet

Pride of Place

Na hAidhmeanna:

- ◆ Cuidiú leis Coistí na mBailte Slachtmhara agus tacú leo an iarracht is fearr a dhéanamh i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara



- ◆ Bród an phobail a chothú tré ghrúpaí pobail a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomórtas náisiúnta do chaighdeán na beatha ag leibhéal an chontae m.sh. Tograí Pride of Place Chomhairle Contae na Mí, ag leibhéal náisiúnta m.sh. Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus ag leibhéal trasteorainn agus idirnáisiúnta m.sh. Comórtas Co-operation Ireland Pride of Place agus Entente Florale
- ◆ Forbairt inbhuanaithe pobail, oidhreacht, éiceolaíoch agus comhshaoil a chothú do bhailte, sráidbhailte, bóithre tuaithye agus uiscebhealaí Chontae na Mí
- ◆ Réimse tacaíochta a thabhairt do ghrúpaí pobail, deontais, duaiseanna suntasacha agus ceardlanna dheachleachtais ar an dtimpeallacht nádúrtha agus saorga
- ◆ Aitheantas a thabhairt ar an iarracht deonach a dhéanann grúpaí pobail tré ócáidí poiblíochta agsu gradaim
- ◆ Naisc a chothú leis an óige tríd an gcomórtas “POP Group”, agus eagrais na n-óg, agus soláthar de cheardlanna de réir na curaclaime nua scoile ar nithe beo

Na Tionscnaimh:

- ◆ Comórtas Bláth Ríoga, chun bailte agus sráidbhailte a fhabhsú le duaiseanna dos na Foirgnimh is Fearr, Bóithre Isteach is Fearr, Eastáit Tithíochta is Fearr agus an-chuid eile
- ◆ Comórtas Siúlóid an Fhómhair, a spreagann forbairt ar chuid de mhionbhóthar chun sean-shiúlóidí lán d'áilleacht a chur i gcuimhne, áit a mbaineann an grúpa leas as modhanna inbhuanaithe comhshaoil
- ◆ Gradam na nUiscebhealaí, a chothaíonn forbairt na háilleachta nádúrtha ar uiscebhealaí le duaiseanna dos na Droichid is Fearr, Bruach is Fearr agus Úsáid is Fearr d’Acmhainní Cois Abhann
- ◆ Togra chun Láithreáin Folamha a Fheabhsú, chun cuidiú le grúpaí an tírdhreach a fheabhsú ar láithreáin dá leithéid
- ◆ Togra Phobal an Toghcheantair a thugann deontas amháin de €10,000 in achan toghcheantar, An Uaimh, Ceanannas, Baile Átha Troim, Dún Seachlainn agsu Damhliag. Sa bhliain 2005 caithfidh na grúpaí an maoiniú ar ghníomhartha a bhfuil tosaíocht acu ina bplean 5-bliana do Bhailte Slachtmhara
- ◆ An 34ú Comórtas Éireannach do Bhalúin Te 2004 a d’eagraigh Cumann Balúnaíochta Éireann agus a fuair maoiniú ó Chomhairle Contae na Mí mar thionscnamh Pride of Place.
- ◆ Comórtas Co-operation Ireland Pride of Place Gach bliain ainmníonn Comhairle Contae na Mí ceithre ionad, bunaithe ar ranna daonra, mar ionadaithe ar Chontae na Mí sa chomórtas.

Leibhéal Rannpháirtíochta an Phobail i gContae na Mí:

Mhéadaigh leibhéal na rannpháirtíochta sna tionscnaimh Pride of Place faoi dhó ó 40 grúpa sa bhliain 2003 go 80 grúpa sa bhliain 2004.

- ◆ D’fhreastail 230 duine ar sé cheardlann dheachleachtais ar gharraíodóireacht, dearadh tírdhreacha, modhanna traidisiúnta ar thógáil le clocha, seimineár ar bhailte slachtmhara agus ceardlann ar Shiúlóid an Fhómhair in Aibreán/Bealtaine 2004



- ◆ Ghlac 31 scoileanna páirt sa chomórtas POP do scoileanna agsu d'fhreastail 400 daoine ar an bhronnadh na ngradam i Meitheamh 2004
- ◆ Bhain 20 grúpa leas as cuairteanna ó shaineolaí gairneoireachta agus ó ealaíontóir i Meitheamh-Lúnasa 2004
- ◆ Bhí Dún Doire, Ráth Moliain, Baile Átha Troim agus An Uaimh mar ionadaithe ag an gcontae sa Chomórtas Co-operation Ireland Pride of Place i mí Lúnasa 2004
- ◆ Bhain Maigh nEalta gradam don Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn i Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus bonn airgid sa Chomórtas Entente Florale i Meán Fómhair 2004
- ◆ Bhain Baile Átha Troim an dara háit i gCatagóir 3 de Chomórtas Co-operation Ireland i mí Dheireadh Fómhair 2004
- ◆ Bhuaigh Maigh nEalta an Gradam i dTionscnaimh Pride of Place Chomhairle Contae na Mí i mí Dheireadh Fómhair 2004



TITHIOCHT

Réamhrá

Bhí feidhmeanna éagsúla ag an gcomhairle i réimse na tithíochta le linn 2004. San áireamh bhí measúnú ar riachtanais tithíochta; bainistiú agus soláthar de thithíocht údaráis áitiúil; cúnamh do dhaoine ag soláthar tithíochta dóibh féin nó ag cur feabhais ar a dtithe; lucht taistil a lonnú; measúnú agus dáileadh ar dheontais ar leith agus forfheidhmiú ar chaighdeáin agus smachtanna áirithe tithíochta.

Léiríonn an méid a leanas dul chun cinn suntasach na comhairle sa réimse seo agus an tionchar suntasach atá an an gclár dóibh siúd atá ag lorg tithíochta sa chontae. Ní bheadh an clár cuimsitheach seo indéanta murach an tacaíocht ó bhaill tofa na comhairle, comhaltaí an Choiste Straitéiseach Polasaí, comhaltaí an Choiste Áitiúil Cóiríochta don Lucht Taistil agus Fóram do Dhaoine gan Dídean.

Buaicphointí Tithíochta

Tithíocht Shóisialta:

Go bunúsach is iad riachtanais do thithíocht shóisialta na riachtanais atá ag teaghlaigh nach bhfuil maoin acu tithíocht oiriúnach agus chuí a fháil san áit is rogha leo.

Chríochnaigh an Chomhairle 104 tithe ar fud an chontae le linn 2004 agus chuir tús le 56 tithe eastáit eile agus trí thigín tuaithe.

Tithíocht Inacmhainne

Cuirtear Tithíocht Inacmhainne ar fáil ar thrí bhealach éagsúil, i.e.

1. Tógann an Chomhairle tithe ar a tailte féin agus díolann iad le daoine ar an Liosta do Thithíocht Inacmhainne. Tugtar Tionscnamh 1999 air seo.
2. Socraíonn an Chomhairle ceannach talún, tithe nó ranníocaíocht ó fhorbróirí áit a mbíonn forbairtí faoi réir Cuid V den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000, mar a leasaíodh é. Tugtar Tionscnamh Cuid V air seo.
3. An Tionscnamh um Thithíocht Inacmhainne a d'fhógair an Taoiseach, Bertie Ahern i mí Iúil 2003, faoina dtógann Údarás Tithíochta (i gcomhpháirt le Forbróirí Príobháideacha) tithe ar thailte stáit le díol le hiarrthóirí incháilithe ar Liostaí do Thithíocht Inacmhainne. Tugtar an Tionscnamh um Thithíocht Inacmhainne air seo

◆ **Tionscnamh 1999**

Go dtí 2004 thóg an Chomhairle 65 tithe inacmhainne agus rinne iad a dháileadh, i.e. 30 An Uaimh, 29 Baile Átha Troim agus 6 ag An Seanchaisleán. Bhí 14 eile san Uaimh ag ardchéim pleanála i mí na Nollag 2004.



◆ **Tionscnamh Cuid V**

Ceannaíodh agus dáileadh 7 tithe san iomlán sa bhliain 2004, agus 26 eile á dtógáil. Aistríodh 9.39 acra talún san iomlán don Chomhairle maraon le ranníocaíochtaí de €149,120.

◆ **Tionscnamh um Thithíocht Inacmhainne**

Ainmníodh láithreán in úinéireacht na Roinne Cosanta mar áit ina bhféadfaí an scéim seo de thithíocht inacmhainne a sholáthar. Bhí cruinnithe rialta ann leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun cúrsaí a chur chun cinn i 2004.

Tithíocht Dheonach

Tugann an Earnáil Dheonach cuidiú suntasach do sholáthar na Roghanna do Thithíocht Dheonach, agus is féidir an cuidiú seo a sholáthar faoi dhá scéim éagsúil.

◆ **Scéim Chúnamh Caipitil**

Faoin scéim seo is féidir le heagras aitheanta deonach maoiniú i bhfoirm deontais caipitil suas go 95% a fháil chun foirgneamh cuí a cheannach nó a thógáil nó a athchóiriú do chatagóirí áirithe daoine i.e. daoine ar mhíchumas, daoine aosta, daoine gan dídean.

Bhí scéim amháin de 11 aonaid do dhaoine ar mhíchumas ag céim luath sa phróiseas pleanála i 2004.

◆ **Scéim Chúnamh Cíos**

Faoin scéim seo cuirtear iasacht ar fáil d'eagras aitheanta deonach chun 100% de chostais aontaithe thithe nua a chlúdach. Tá na iasachtaí le haisíoc thar tréimhse 30 bliana.

Is iad iarrthóirí príomhshrutha do thithíocht shóisialta an spriocghrúpa don scéim seo, agus 75% de thionóntaithe ag teacht ó Liostaí Feithimh Tithíochta na Comhairle.

Bhí dhá scéim san Uaimh (16 aonad) agus Dún Seachlainn (19 aonad) ag ardchéimeanna pleanála faoi dheireadh 2004.

Láithreáin Príobháideacha

Le linn na bliana chuir an Chomhairle 6 Láithreán Príobháideach ar fáil d'iarrthóirí incháilithe agus 36 eile ag céimeanna éagsúla pleanála ag deireadh 2004.

Tá seirbhísí iomlána ag na láithreáin seo agus cuirtear ar fáil iad ar ráta fóirdheonaithe d'iarrthóirí incháilithe.

Oibreacha Feabhsúcháin–in lieu agus Scéimeanna Oibreacha Leathnuithe

Le linn 2004, cuireadh feabhas/athchóiriú ar 4 theach príobháideach maraon le 16 tithe a leathnaíodh chun faoiseamh a fháil ar bhrú nó chun cóiriú a dhéanamh do dhaoine ar mhíchumas.



Roghanna Tithíochta Shóisialta is ea an dá scéim seo a cheadaíonn do dhaoine fanacht ina dtithe féin in áit bogadh go teach nua nó teach níos mó, rud a chuirfeadh as do pháistí ag freastal ar scoileanna áitiúla srl.

Clár 5 Bliana Cóiríochta Don Lucht Taistil

Chríochnaigh an Clár 5 Bliana Cóiríochta deiridh i 2003 agus rinne an chomhairle measúnú breise do bhlianta 2005-2008 le linn 2004.

Ainmníodh 40 teach san iomlán maraon le 10 aistriú nó folúntas sealadach mar riachtanas, chomh maith le ceannach de 5 thithe athláimhe. Déanfar ionaid ar Láithreáin Staid a dháileadh de réir mar a bhíonn folúntais.

Iarrfar ar an Earnáil Dheonach freisin cuid dá haonaid a dháileadh.

Straitéis Do Dhaoine Gan Dídean

Lean an obair inár nOifig Fhor-Rochtana le linn 2004, agus beagnach 300 duine ag teacht chun tosaigh mar dhaoine gan dídean le linn na bliana.

Aimsíonn an dá Oibrí For-Rochtana/Athlonnuithe cóiríocht don chuid is mó a thagann i láthair, bíodh sé i dtithíocht phríobháideach ar cíós, lóistín Leaba agus Bricfeasta nó i ndídean anseo sa Mhí nó in áiteanna eile timpeall na tíre.

Scéimeanna Deontais do Dhaoine ar Mhíchumas agus do Dheisiúcháin Riachtanacha

Ceadáíodh 93 Deontas do Dhaoine ar Mhíchumas de luach €998,234 le linn 2004, chomh maith le 36 Deontas do Dheisiúcháin Riachtanacha de luach €209,847.

Ag aimdir na Cáinfhaisnéise 2005 (go déanach i 2004), rinne na comhaltaí soláthar do chiste suntasach breise don bhliain 2005 chun plé leis an riaráiste de dheontais a tharla ceal mhaoinithe le blianta beaga anuas.

Scéim Cheannach Do Thionóntaithe

Tá rogha ag tionónta ar bith, a bhfuil tionóntacht shásúil acu le breis agus bliain, a dtithe a cheannach faoin Scéim Cheannach do Thionóntaithe 1995.

Le linn 2004, deineadh 83 iarratais, ceadáíodh 58 agus deineadh tairiscintí, agus cuireadh críoch le 33 díolacháin san iomlán.

Ceardlanna Réamh-Thionóntachta

Leanadh de cheardlanna réamh-thionóntachta le linn 2004, agus an Oifigeach Caidrimh Tionóntaithe (TLO) á n-eagrú i gcomhair leis an Oifigeach Dáileadh áitiúil i ngach ceantar. Buailéann an TLO leis an tionóntaithe ar fad ar an lá a bhfaigheann siad na heocracha dá dtithe nua agus míníonn go mion na coinníollacha a bhaineann leis an gcomhaontú tionóntachta sula sínítear.

Pléitear nithe eile ar nós conas gearán a dhéanamh maidir le gníomhartha frithshóisialta agus comhairle ar Chumann Cónaitheoirí a bhunú. Cruthaítear naisc idir



na tionóntaithe nua agus an TLO ag na cruinnithe seo. Moltar do thionóntaithe dul i dteagmháil leis an TLO má tá buairt nó fadhb acu. Tamall ina dhiaidh sin tugann an TLO cuireadh dos na tionóntaithe nua freastal ar chruinniú eile chun cumann cónaitheoirí a bhunú don eastáit.

I gcás folúntais a thagann ó am go h-am tabharfaidh an TLO an méid eolais cúlra agus is féidir do thionónta nua chun cuidiú leo bheith ar a shuaimhneas san eastáit nua.

Scéim Dheontas

Scéim Dheontas na n-Eastát 2004

Ba é 2004 an naoiú bhliain de Scéim Dheontas na n-Eastát. Rinne 52 eastáit san iomlán iarratais ar dheontais, an líon ba mhó riamh agus íocadh €15,200 san iomlán le linn na bliana. Tá an scéim dírithe ar chuidiú le áititheoirí eastáit na Comhairle an timpeallacht ina gcónaíonn siad a chothabháil agus a fheabhsú.

Tá méid an deontais ag brath ar chúinsí ar nós méid an eastáit agus na tograí atá idir lámha ag an bpobal ann.

Tá deontais ar fáil do ghach sórt togra agus spreagann an Chomhairle na h-áititheoirí Cumainn Áititheoirí a bhunú agus páirt ghníomhach a ghlacadh i stiúradh agus cothabháil a n-eastát. Tá an tOifigeach Caidrimh Tionóntaithe (TLO) ar fáil chun cuidiú le Cumainn Áititheoirí le cúnamh agsu comhairle phraiticiúil. Is féidir dul i dteagmháil leis an TLO ag Roinn na Tithíochta, Halla an Chontae, An Uaimh.

Scéim Ghradam na n-Eastát 2004

Cuirtear gach eastát a lorgaíonn deontas isteach i Scéim Ghradam na n-Eastát áit ar féidir duaiseanna airgid a bhuaicint chun cuidiú leo cur le forbairt an eastáit. Déantar na h-eastáit a rannú ar líon na dtithe agus na hoibreacha a dhéanann an pobal.

Sa chatagóir “Eastát is Mó Dul Chun Cinn” tugtar aitheantas dos na heastáit a rinne iarracht an-mhór le linn na bliana ach nach bhfuil ard-cahighdeán na mbuaiteoirí sroichte go fóill acu.

Gradaim do Thithe Aonair

Gach bhliain roghnaítear teach amháin as gach toghcheantar do Ghradam do Thithe Aonair. Roghnaítear na tithe seo as na heastáit atá páirteach i Scéim Ghradam na n-Eastát. Sa chatagóir seo tá an breitheamh ar thóir na dtithe a choinnítear ag caighdeán an-ard. Sa bhliain 2004 d'iarr Comhairle Contae na Mí ar shaor adhmaid áitiúil, Jim Condron lampaí boird a dhéanamh do ghach buaiteoir. Déanadh na lampaí seo le h-adhmad dúchasach i gContae na Mí - feá 400 bliain d'aois. Bronntar duais airgid ar bhuaiteoirí do thithe aonair freisin.

Teastais do Ghaisce Speisialta

Bronnadh gradaim ar leith ar St. Mary's Villas agus Bellair, Maigh nEalta, dhá eastát chomhairle mar aitheantas ar a bpáirt i mbua Mhaigh nEalta sa dá chomórtas do Shráidbhailte Slachtmhara agus Entente Florale le linn 2004.



Bhronn Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, Tommy Reilly, Uas., na duaiseanna ar na buaiteoirí ar fad ag Oíche Bhronnta i mí Dheireadh Fómhair san Óstán Conyngham Arms, Sláine.

Buaiteoirí í 2004:**Catagóir A (1 – 19 tithe)**

Award	Estate
1 st Place	Knightsfield Park, Dunsany
2 nd Place	St. Paul's Ave, Athboy
3 rd Place	O'Carolan Park, Nobber

Catagóir B (20 – 39 tithe)

Award	Estate
1 st Place	St. Cianan's Villas, Duleek
2 nd Place	Loughcrew View, Oldcastle
3 rd Place	St. Mary's Villas, Donore

Catagóir C (40+ tithe)

Award	Estate
1 st Place	Hillview, Dunshaughlin
2 nd Place	Seaview, Laytown
3 rd Place	Townpark, Navan

Eastáit is Mó Dul Chun Cinn

Estate
Castlelawns, Summerhill
Woodview, Navan

Chomh maith leis na duaiseanna airgid fuair na buaiteoirí ar fad i Scéim Ghradam na n-Eastát teastas i bhfráma mar aitheantas ar a ngaisce.

Duaiseanna do Thithe Aonair

Electoral Area	Address	Occupier
An Uaimh	7 Woodview Court, An Uaimh	Vivienne Browne
Dún Seachlainn	1A Hillview, Dún Seachlainn	Esther Hanley
Baile Átha Troim	38 Mornington Heights, Baile Átha Troim	Michael & Elizabeth Forde
Ceanannas	17 Deerpark Heights, Carlanstown	Mary McConnell
Sláine	28 Stanley Heights, Sláine	Stephen & Mary Traynor



COMHSHAOIL

Réamhrá

Is é an príomhphrionsabal atá ag Seirbhísí Comhshaoil Chomhairle Contae na Mí ná nósanna inbhuanaithe a chothú.

Tá na nithe seo a leanas faoinár gcúram: caighdeán uisce, bainistíocht dramhaíola, smacht ar bhruscar agus tograí oideachais. Ról rialacháin don chuid is mó atá againn, agus gabhaimid buíochas as cúnamh agus airdeall phobal na Mí. Tugann tograí náisiúnta ar nós an fheachtais RÁS I GCOINNE NA DRAMHAÍOLA suntas do thábhacht na comhpháirtíochta seo agus sinn ag plé leis an 1.4 tonna dramhaíola in aghaidh an ghnáth-theaghlaigh a ghintear sa bhliain.

Bunaítear polasaí na hÉireann, a bheag nó a mhór, ar Threoir Eorpach agus bíonn teagmháil anois idir Chomhairle Contae na Mí agus Oifig Chomhshaoil ar fud na hEorpa. Tá naisc láidre bunaithe againn freisin le contaetha cóngaracha. Tá na naisc seo ríthábhachtach chun gluaiseachtaí dramhaíola a smachtú agus chun infreastruchtúr comhtháite a fhorbairt don dramhaíl a chruthaímid.

Tá réimse de ráiteas ar pholasaí cruthaithe ag an gComhairle chun soláthar na seirbhíse i gcosaint an chomhshaoil a threorú. Ullmhaíonn an Chomhairle na pleananna mar a luaitear thíos le treoir ó na Comhairleoirí tofa agus a gCoistí Straitéiseacha Polasaí.

Toghadh Comhairle nua i Meitheamh 2004. Beidh seacht gComhairleoirí Contae agus Comhairleoir Bhaile amháin, maraon le hionadaithe ó earnáil an Phobail, Feirmeoireacht agus Tráchtáil ina mbaill de Choiste Straitéiseach Polasaí (CSP) an Chomhshaoil.

Pléann CSP an Chomhshaoil le nithe ar nós:

- ◆ Pleanáil do Bhainistiú Dramhaíola
- ◆ Pleananna do Bhruscar
- ◆ Cumadh Pholasaí ar Chrainn Theileachumarsáide
- ◆ Fodhlithe, smacht ar dhramhaíl agus uisce
- ◆ Bainistiú Fuinnimh
- ◆ Pleananna Dóiteáin agus Éigeandála
- ◆ Pleananna Chosaint Shibhialta
- ◆ Treoir an Chreatlaigh Uisce

Le linn 2004 bhí an Comhairleoir Patsy O'Neill sa chathaoir ag CSP an Chomhshaoil agus d'fhreastal Joe Fahy, Stiúrthóirí Seirbhísí do Sheirbhísí Comhshaoil agus Éigeandála air.



Bainistíocht Dramhaíola

Don chuid is mó tá dualgaisí Chomhairle Contae na Mí i réimse na bainistíochta dramhaíola á stiúradh ag an Acht um Bhainistiú Dramhaíola agus an tAcht um Bhruscar.

Forfheidhmiú de Chaighdeáin Comhshaoil

Bhain an Chomhairle leas as cúnamh deontais chun foireann bhreise a fhostú di thograí forfheidhmithe. Earcaíodh seachtar i 2004 agus tugadh dualgaisí dóibh mar seo a leanas:

- ◆ 1 Maor Bhruscair
- ◆ 1 Oifigeach ar rialú phacáistithe agus pleaistící feirme
- ◆ 1 Oifigeach ar Cheadúnais do Bhailiúchán Dramhaíola
- ◆ 1 Oifigeach ar cheadúnú dramhaíola
- ◆ 1 Oifigeach ar smacht ar thruailliú
- ◆ 2 Foireann tacaíochta riaracháin.

Ceadúnais do Bhailiúchán Dramhaíola.

Is í Comhairle Contae na Mí an t-údarás tosaigh do cheadúnú do bhailiúchán dramhaíola i gContaetha na Mí, Lú, Cabhán agus Muineachán.

Tá sé de dhualgas ar na hoibritheoirí ar fad a bhailíonn dramhaíl ceadúnas a fháil. Leagann an ceadúnas dualgas ar an oibritheoir taifid a choinneáil agus dramhaíl a iompar agus a sheachadadh ar bhealach nach ndéanfaidh truailiú timpeallachta

I measc na dramhaíola a thagann faoi na coinníollacha seo tá:
ithir agus clocha, dramhaíl tógála, sciodair, bruscar agus dramhaíl chontúirteach.

Rinne an Chomhairle an ghníomhaíocht seo a leanas a thaifeadadh maidir le ceadúnais le linn 2004

- ◆ Fuarthas 90 iarratas le linn 2004
- ◆ Ceadáíodh 85 iarratas le linn 2004
- ◆ Líon na gcásanna áit a raibh gá le gníomhaíocht dlí
- ◆ 276 ceadúnas eisithe ag 31-12-04
- ◆ 14 ceadúnas athbhreithnithe sa bhliain 2004

Ceadúnais do Bhainistiú Dramhaíola

Tá ceadúnais do bhainistiú dramhaíola de dhíth ar aon duine ar mian leo dramhaíl a ghlacadh, a stóráil, a tharrtháil nó a dhiúscairt. Go ginearálta beidh cead planála de dhíth ar an ghníomhaíocht agus bíonn rialú agus smacht righin ar an ghníomhaíocht.

Tá dualgaisí áirithe ar an oibritheoir, lena n-áirítear taifid a choinneáil agus an timpeallachta a chosaint agus gan cur isteach ar na comharsana de bharr na ngníomhaíochtaí. De ghnáth tugtar ceadúnais 3 bliana agus baineann siad go díreach le togra ar leith ar nós tarrtháil talún do tháirgeadh feabhsaithe talmhaíochta.

Rinne an Chomhairle an ghníomhaíocht seo a leanas a thaifeadadh maidir le ceadúnais do bhainistiú dramhaíola le linn 2004.



- ◆ Fuarthas 57 iarratas le linn 2004
- ◆ Bronnadh 41 ceadúnas le linn 2004
- ◆ Diúltaíodh 9 ceadúnas le linn 2004
- ◆ Eisíodh 20 iarratas d'eolas breise le linn 2004
- ◆ Bhí 106 ceadúnas do bhainistiú dramhaíola i réim ag 31-12-04
- ◆ Eisíodh 7 fógra forfheidhmithe le linn 2004

Ciste Comhshaoil

Cuireann an tobhach do líonadh talún agus an tobhach do mhálaí plaisteacha leis an gciste seo in aghaidh na bliana. Cuirtear an t-airgead sin ar fáil dos na Comhairlí do thionscnaimh agus tograí áirithe.

Feidhmíonn Comhairle Contae na Mí mar bhailitheoir ar an dtobhach do líonadh talún a íocann Greenstar don líonadh talún ag Knockharley. Bailítear tobhach de €15 in aghaidh an tonna dramhaíola agus cuirtear ar aghaidh é chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Thosaigh líonadh talún Greenstar ag glacadh le dramhaíl i mí na Nollag 2004.

Líonadh Talún Basketstown

Fuair Comhairle Contae na Mí ceadúnas leasuithe dramhaíola ón Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil dá líonadh talún ag Basketstown, Cnoc an Línsigh le linn 2004. Cuireann an ceadúnas ar Chomhairle Contae na Mí monatóireacht a dhéanamh ar an líonadh talún do 30 bliain ón am a stop sé ag glacadh dramhaíola i mí na Nollag 2002. Tá athchóiriú an ionaid seo críochnaithe, beagnach. Cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana dos na riachtanais atá fágtha sa bhliain 2004. Mar thoradh air seo beidh taisceadán nua láisteáit agus córas leictreonach monatóireachta á chur ar fáil le linn 2005.

Athbhreithniú ar Phlean do Bhainistiú Dramhaíola

Thosaigh údarais áitiúla na Mí, Lú, Cabhán agus Muineachán ar athbhreithniú ar an bPlean do Bhainistiú Dramhaíola (1999-2004) i mí Iúil 2004. Lorgaíodh aighneachtaí réamh-dhréachta i mí Iúil 2004, agus fuarthas 27 aighneachtaí.

Chuidigh na hÚdarais Áitiúla le plean comhordaithe a dhréachtadh tré RPSmcos Consultants a úsáid chun cuidiú sa phróiseas athbhreithnithe. Bhí laethanta oscailte ann leis an earnáil dramhaíola tráchtála agus mar thoradh ar fheachtas sna meáin cumarsáide i mí na Nollag 2004 bhí tuilleadh deiseanna ag an bpobal a bheith páirteach sa phróiseas.

Tá leasú déanta ar an mbunús reachtúil atá ag glacadh an Phlean leasaithe do Bhainistiú Dramhaíola mar thoradh ar an Acht um Chaomhnú Comhshaoil, áit a mbíonn an chumhacht ag Bainisteoir an Chontae glacadh leis an bplean leasaithe.

Forbhreathnú Náisiúnta ar Phleananna do Bhainistiú Dramhaíola

Foilsíodh an cháipéis seo i mí Feabhra 2004 agus rinne tagairt ar leith do ghach Plean Réigiúnda do Bhainistiú Dramhaíola. D'éirigh go maith le Plean an Oirthuaiscirt i gcomparáid leo siúd ó réigiúin eile.

Tugadh an dul chun cinn seo faoi deara



- ◆ Dul chun cinn maith ar bhailiúcháin ar thaobh an bhóthair de nithe inathchúrsála
- ◆ Tuilleadh dul chun cinn ar sholáthar de Bhancanna “Beir Leat”
- ◆ Dul chun cinn maith ar thógáil Láithreáin Fóntas Pobail
- ◆ Infheistíocht shuntasach ón earnáil phríobháideach i dtógáil áiseanna chun ábhar a tharrtháil.
- ◆ Dul chun cinn teoranta i soláthar áiseanna cóireála bitheolaíochta.

Sa chomhthéacs ginearálta, luaigh an tuairisc go bhfuil cumas líonadh talún 19 mbliana fágtha sa réigiún agus go raibh dul chun cinn suntasach i soláthar d'áiseanna cóireála teirmeacha le linn thréimhse an Phleain.

Ráiteas Pholasaí Náisiúnta

Taking Stock and Moving Forward

Is í an cháipéis seo, a foilsíodh freisin i mí Feabhra 2004 an 3ú i sraith de ráitis ar Pholasaí Náisiúnta maidir le straitéisí do bhainistiú dramhaíola.

Deineadh 21 moltaí lena n-áirítear tacaíocht leanúnach do bhainistiú comhtháite dramhaíola, bunaithe ar ghrúpaí réigiúnda, maraon le tionscnaimh chun plé le srutha dramhaíola ar leith, a bhfuil Treoracha AE ag tagairt dóibh. Tá sé suntasach go léiríonn an Cháipéis Polasaí seo go bhfuiltear ag smaoineamh ar sholáthar idir-réigiúnda d'áiseanna agus ar ghluaiseacht idir-réigiúnda dramhaíola.

Smacht ar Bhruscar

Sa bhliain 2004 mhéadaigh go mór ar fhreagraí na Comhairle maidir le gearáin faoi bhruscar. Tharla seo toisc gur fostaíodh Maor Bhruscair lánaimseartha breise. Glacann an Chomhairle páirt i suirbhé náisiúnta ar bhruscar gach bliain. Baintear úsáid as torthaí an tsuirbhé seo mar cheann de Tháscairí Náisiúnta Seirbhíse d'Údaráis Áitiúla.

Luaigh an tuairisc dramhaíl pacáistithe, toitíní agus bia mar 3 phríomhchúiseanna bruscair. Tarlaíonn sé seo go minic ag innill ATM, stáisiúin iompair, siopaí bia agus ócáidí móra. Deineadh 140 suíomh a scrúdú do 2003 agus tugadh na torthaí, mar atá thíos, mar tháscairí seirbhíse d'Údaráis Áitiúla na Mí don réimse freagartha seo.

Léiríonn torthaí an tsuirbhé seo go soiléir go bhfuil feabhas de dhíthe, cé gur deineadh fiosruithe ar 1,400 gearán le linn 2004. Rinne an Chomhairle luaithreadáin a dháileadh ar thithe tabhairne agus in áiteanna poiblí le linn 2004 agus ba chóir go mbeadh tionchar suntasach acu sin ar thorthaí don tréimhse sin a bheidh le foilsiú sa bhliain 2005. Tá Comhairle Contae na Mí, maraon leis na Comhairlí Baile i mBaile Átha Troim, An Uaimh agus Ceanannas, ag díriú a cuid acmhainní ar na ceantair sin is mó ina mbíonn bruscar. Feabhsófar oideachas poiblí agus feasacht freisin.

Deineadh an ghníomhaíocht seo a leanas le linn 2004:

- ◆ 1476 Fiosruithe ar chaitheamh bhruscair
- ◆ 404 Fíneáil eisithe ag Comhairle Contae na Mí
- ◆ 230 Fíneáil íoctha le Comhairle Contae na Mí
- ◆ 13 Cásanna dlí le linn 2004 (agus 10 san áireamh do neamh-íocaíocht ar fhíneálacha)



Táscarí Seirbhíse 2004

Líon na Maor Bhruscair:

Lánaimseartha	3
Páirtaimseartha	27
Lánaimseartha agus páirtaimseartha) in aghaidh 5000 de dhaonra	1

Fneálacha ar an láthair

Líon na bhfíneálacha ar an láthair (Comhairlí Baile san áireamh)	763
Líon na gcásanna dlí toisc nár íocadh fíneálach ar an láthair	10
Líon a ciontaíodh	8

Céatadán de cheantair laistigh den údarás áitiúil atá:

Neamhthruaillithe (.i. gan bruscar)	2%
Truaillithe le bruscar, beagán	19%
Truaillithe le bruscar, meán	42%
Truaillithe go mór le bruscar	33%
Truaillithe go h-ainnis le bruscar	5%

Gearáin agus Forfheidhmiú Comhshaoil:

líon iomlán na gcásanna a raibh gearán iontú maidir le truailliú comhshaoil (ag baint le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú fuaime, truailliú aeir)	1873
líon na ngearán a fiosraíodh	1868
líon na ngearán a diúltaíodh	6
líon na ngníomhartha dlí a tógadh (litreacha, fógraí, imeachtaí dlí san áireamh)	123

Feasacht Comhshaoil & Athchúrsáil

Clár na Scoileanna Glasa

Bhain sé scoil i gContae na Mí Gradam an Bhrataigh Ghlais amach le linn 2004. Clár gníomhaíochta é Clár na Scoileanna Glasa, a dhéanann An Taisce a chomhordú le tacaíocht ó Údarás Áitiúla. Is cuid de chlár Fhundúireacht na Náisiún Aontaithe d'Oideachas Comhshaoil (FEE) é.

D'eagraigh Comhairle Contae na Mí Seimineár do Scoileanna Glasa i mí Meán Fómhair 2004 agus thacaigh leis na scoileann áitiúla ar fad in gcuid iarrachtaí chun na critéir a chomhlíonadh agus Bratach Glas a bhaint amach.

Is iad seo a leanas na scoileanna a bhain an Gradam amach sa bhliain 2004:

- ◆ Scoil Náisiúnta, An Ráth Mór, Áth Buí
- ◆ Gaelscoil na Rithe, Dún Seachlainn
- ◆ Pobalscoil Chill Dhéagláin
- ◆ Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Sláine
- ◆ Scoil Náisiúnta, Carn na Ros, Ceanannas
- ◆ Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire, Cill Dhéagláin



Léirigh na scoileanna ar fad feasacht comhshaoil, chuir siad tús le scéimeanna chun dramhaíl a laghdú agus a athchúrsáil sna scoileanna, chuir siad deireadh le bruscar sna scoileanna agus sna ceantair maguaird agus thug siad an Téama Glas abhaile dá dtuismitheoirí agus don phobal níos leithne. Tá sé i gceist ag Comhairle Contae na Mí go mbeadh an Bratach Glas ag gach scoil i gContae na Mí faoi 2010.

Táscairí Seirbhíse 2004

Céatadán de scoileanna páirteach i bhfeachtais comhshaoil

Bunscoileanna - 75.00%

Meánscoileanna - 50.00%

An tSraith do Scoileanna i gCoinne an Bhruscair

Bhí cúig scoileanna déag i gContae na Mí san iomaíocht don chéad duais sa tSraith do Scoileanna i gCoinne an Bhruscair 2004. Ag tús na scéime, tugadh pacanna dos na scoileanna uilig ina raibh bainteoírí, láimhíní agus veisteanna. Dos na sé seachtainí ina dhiaidh sin thug breithiúna cuairt ar gach scoil uair sa tseachtain agus baineadh marcanna áit a raibh bruscar. Bhí na scoileanna ar fad an-díograiseach agus bhí an-iomaíocht ann. Bhain Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Sláine an duais ag Bronnadh an Ghradaim a bhí ann i Meitheamh 2004.

Baile an Chaisleáin chun tosaigh san Fheachtas i gCoinne an Bhruscair 2004

Bhuaigh Baile an Chaisleáin an chéad duais san i bhfeachtas Chomhairle Contae na Mí i gCoinne an Bhruscair 2004. Ghlac níos mó ná 100 páirt sa chomórtas agus bhí iomaíocht an-dian ann. Deineadh breithiúnas seachtainiúl ar na bailte, sráidbhailte agus eastáit tithíochta ar fad agus baineadh marcanna áit a raibh bruscar. Chomh maith leis an buaiteoirí, bhain daichead grúpa stádas saor ó bhruscar amach dá gceantair.

Bhronn Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, Oliver Brookes, Uas., gradaim ar na buaiteoirí seo a leanas:

Gradaim do Thoghcheantair

Sláine

- ◆ 1st Mornington (€1,000)
- ◆ 2nd Broomfield & District (€500)

Dún Seachlainn

- ◆ 1st Batterstown (€1,000)
- ◆ 2nd Ashbourne (€500)

Ceannas

- ◆ 1st Moynalty (€1,000)
- ◆ 2nd Crossakiel (€500)

**An Uaimh**

- ◆ 1st Tara (€1,000)
- ◆ 2nd Dunderry (€500)

Baile Átha Troim

- ◆ 1st Rathmolyon (€1,000)
- ◆ 2nd Longwood (€500)

Eastáit Tithíochta (ÚÁ)

- ◆ 1st Woodgrove, Ballivor (€1,000)
- ◆ 2nd Churchview, Batterstown (€750)
- ◆ 3rd Bellair, Moynalty (€500)
- ◆ 3rd Fr. Flood Park, Dunderry (€500)

Eastáit Tithíochta (P)

- ◆ 1st Brookville, Ashbourne (€1,000)
- ◆ 2nd Castle Close, Trim (€750)
- ◆ 3rs Oak Court, Dunderry (€500)
- ◆ 3rd Park View, Athboy (€500)

Bailte agus Sráidbhailte

- ◆ 1st Castletown (€2,500)
- ◆ 2nd Mornington (€1,500)
- ◆ 3rd Batterstown (€1,000)
- ◆ Imreoir an Chluiche (Gradam ar Leith) Cill Dhéagláin (€500)

Stádas Saor ó Bhruscar			
Baile an Chaisleáin	Dún Doire	Baile Roibín	Teamhair
Droichead Chearbhalláin	Baile Átha Buí	Crosa Caoil	Maigh nEalta
Ráth Moliain	An Bóthar Buí	Baile Íomhair	Baile Uí Mhornaín
Broomfield agus Ceantar	An Obair	Cill Dhéagláin	Isléan, Dún Doire
Reask Drive, An Uaimh	St. Brigids Villas, An Uaimh	Fr. Flood Park, Dún Doire	Hillside Drive, Baile an Chaisleáin
Beechgrove, Baile Átha Buí	Bellair, Maigh nEalta	St. Marys Villas, Maigh nEalta	Park View, Baile Átha Buí
Castlelawns, Baile Átha Buí	Ribbontail Way, Maigh Dearmhaí	Woodgrove, Baile Íomhair	Earls Meadow, Baile Íomhair
New Inn, An Bóthar Buí	Blackwater Park, An Bóthar Buí	Hamilton Place, Baile Átha Troim	Castle Close, Baile Átha Troim
Brookville, Cill Dhéagláin	Churchview, Baile an Bhóthair	St. Cianans Villas, Damhliag	Oak Court, Dún Doire
Herbert Place, An Uaimh	Hillview, Dún Seachlainn	Railway View, An Obair	O'Carolan Park, An Obair



Seachtain na Glantóireachta 2004

Bhí Seachtain na Glantóireachta ann ar feadh na míosa ar fad in Aibreán 2004. Chaith Comhairle Contae na Mí €40,000 ar mhaoiniú do scipeanna, bainteoír bruscair, veisteanna, láimhíní agus málaí do ghrúpaí agus daoine aonair a rinne glantóireacht ina gceantair féin. Bunaíodh an scéim i gcomhpháirt leis an nGlantachán Earraigh Náisiúnta, a scaip pacáí eolais le treoirínte sábháilteachta; smaointe do ghlantóireacht do scoileanna agus eastáit tithíochta agsu eolas úsáideach eile.

Ciste Páirtnéireachta Comhshaoil 2004.

D'fhógair Comhairle Contae na Mí na tograí ar éirigh leo maoiniú a fháil faoin Scéim Deontais do Chiste Áitiúil Páirtnéireachta Comhshaoil 2004, i mí Lúnasa 2004. Bunaíodh an scéim, le páirt-mhaoiniú ó Chomhairle Contae na Mí agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun cuidiú le grúpaí agus daoine aonair ar mian leo feachtas feasachta conhshaoil a chur ar siúl ina gceantair féin. Bhí ar gach iarrthóir roinnt maoiniú príobháideach a thabhairt don togra agus bhí gach togra le críochnú faoi Aibreán 2005.

Is iad seo a leanas na tograí ar éirigh leo maoiniú a fháil i gContae na Mí sa bhliain 2004:

- ◆ Naturally Wild- Naturally Wild Field Studies At Balrath Wood
- ◆ Cumann Ghnó Cheanannas - Waste Not Want Not Seminar for Business
- ◆ IPCC - Compost and DIY Gardening Workshops
- ◆ Sonairte - Nature Trail
- ◆ Magician Marvin - Recycling the Magical Way
- ◆ Down to Earth Theatre - The Treasure Hunt

Dul Chun Cinn san Athchúrsáil i 2004

Thuig breis agus 200,000 cuairt ar na hIonaid Athchúrsála ag An Uaimh agus Baile Átha Troim i 2004, agus deineadh breis agus 8,000 tonna de dhramhaíl teaghlaigh ó líonadh talún dá bharr. Bhí Bailiúchán de Dhramhaíl Chontúirteach ag gach láithreán le linn na bliana agus thug daichead scoileanna agus grúpaí pobail cuairt ar na hionaid ar thurais le treoraí.

Cuireadh dramhola cistine agus cannaí aerasól ar an liosta fada d'ábhair a ghlactar ag na hionaid anois, lena n-áirítear gloine, cannaí, nuachtáin agus irisleabhair, páipéar measctha, buidéal agus málaí plaisteacha, adhmaid, dramh-threalamh leictreach agus leictreonach (WEEE), dramhaíl ghlas, dramh-mhiotal, dramhola, tiúbanna agus lampaí, cadhnraí, fóin póca, éadach, leabhair, dlúthdhioscaí agus ceirníní. Bhí Feachtas do Nollaig Ghlas ann i mí na Nollag agus mí Eanáir, agus leathnaíodh réimse na n-ábhar a ghlactar ag na hionaid go pacáistiú, boscaí agus crainn Nollag.

Tá fás ann i gcónaí ar an líonra de bhancanna buidéal, agus osclaíodh láithreáin nua ag Baile Cheannt, Droim Conrach, Dún Doire agus Baile Íomhair i 2004. Rinne An Mhí níos mó athchúrsála ar ghloine ná aon chontae eile lasmuigh de chathracha Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agsu Luimneach sa bhliain 2004.

Catagóir	Líon na Láithreán “Beir Leat”	Líon na Láithreán Áineasa Sibhialta	Líon Iomlán na nÁiseanna	Líon na Láithreán in aghaidh gach 5000 de dhaonra	Tonna dramhaíola a bailíodh in aghaidh gach 5000 de dhaonra
Gloine	2	26	26	0.97	230
Cannaí	2	41	41	1.53	9
Eadach	2	24	24	0.89	28
Cadhnaí	2	2	2	0.07	7
Ola	2	2	2	0.07	1
Eilw	2	2	2	0.07	693

Caighdeán Uisce agus Aeir

Caighdeán Uisce

Is í Comhairle Contae na Mí an tÚdarás freagrach agus caighdeán uisce a chothabháil ina ceantar riaracháin.

Oibríonn an Chomhairle laistigh de dhualgas ginearálta a leagtar síos ag an Treoir um Chreatlach Uisce de chuid an AE. De réir an Treoir seo tá iachall ar ghach Stáit stádas maith dá uisce ar fad a bhaint amach faoi 2015. Roinntear Éire i líon áirithe de Cheantair Imchuach Abhann agus tá an Mhí suite sa Cheantar Imchuach Abhann an Oirthir (ERBD), maraon le 14 Údarás eile.

Le linn 2004, d’ullmhaigh grúpa oibre faoi stiúr Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuairisc carachtarú ar an ERBD. Thug an tuairisc seo cur síos ar na láithreáin uisce san ERBD atá i gcontúirt gan dea-stádas a bhaint amach faoi 2015. Is í an chéad chéim eile ná clár de ghníomhartha a chinntiú chun an deá-stádas a bhaint amach faoi 2015

Tomhas ar an dul chun cinn is ea caighdeán uisce faoi réir Tháscairí Seirbhíse Rialtais Áitiúil. Baineann na sonraí sa tábla thíos leis an mheasúnú is déanaí de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) i 2003 agus cuireadh ar aghaidh iad mar tháscairí seirbhíse do Chomhairle Contae na Mí sa réimse freagrachta seo.

Tá breis agus 4,900 sampla tógtha ag Comhairle Contae na Mí ar fud an chontae, agus baineann sí úsáid as an eolas seo chun dualgaisí reachtúla tuairiscithe a chomhlíonadh agus chun foinsí truaillithe a aimsiú.

Caighdeán Aeir

Roinntear an fhreagracht do cheadúnú d’astuithe san atmasféar idir na hÚdaráis Áitiúla agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Is féidir le hÚdaráis Áitiúla ceadúnais d’Astuithe Aeir a bhronnadh do ghníomhartha ar scála níos lú a bhaineann le astuithe san aer. Is féidir leis an EPA ceadúnais Comhtháite do Chosc agus Smacht ar Thruailliú (IPPC) do ghníomhartha tionsclaíocha níos troime.



Bhí gníomhartha mar seo a leanas ann le linn 2004

- ◆ 9 Ceadúnas tugtha d'astuithe in uisce
- ◆ 2 Ceadúnas tugtha d'astuithe i séarach
- ◆ 3 Ceadúnas tugtha d'astuithe in aer.

Fuinnimh

Feasacht Fuinnimh

Faoi choimirce Meath Energy Management Agency Ltd, cuireann Comhairle Contae na Mí eolas sainiúil ar fáil ar réimse leathan de thograí chun feasacht fuinnimh agus gníomhartha ciallmhara a chur chun cinn le costais fuinnimh a laghdú.

Tá an Comhlacht á mhaoiniú ag Comhairle Contae na Mí agus an AE do thréimhse 3 bliana ó 2002 go 2005.

Tá an áisínteacht ar oscailt don phobal ag 2A Cannon Row, An Uaimh agus tá eolas ar fáil ag www.mema.ie. Tá an Comhairleoir Seamus Murray ina Chathaoirleach ar an gComhlacht. Ghlac na Comhairleoirí Michael Gallagher agus Patsy O'Neill le suíocháin ar an mbord i ndiaidh na toghcháin áitiúla i Meitheamh 2004.

Le linn 2004, deineadh na tograí seo a leanas a éascú:

- ◆ Iniúchadh fuinnimh ar oibríochtaí Chomhairle Contae na Mí
- ◆ Comhairle do Chomhairle Contae na Mí ar ghnéithe de thograí nua a bhain le héifeachtacht fuinnimh
- ◆ Saineolas ar éifeachtach fuinnimh d'fhorbróirí
- ◆ Comhairle ar fhorbairt Pháirc Bhaile na hUaimhe
- ◆ Críoch le staidéar bhunlíne ar fhorbairt Sonaitre
- ◆ Cur i láthair do pháirtithe AE maidir le gníomhartha feasachta fuinnimh i gContae na Mí .
- ◆ Obair leis an BSL ar Sheachtain Feasachta Fuinnimh agus Lá Náisiúnta Saor ó Charranna
- ◆ Chuidigh leis an dtogra "bus siúil" leis an Oifigeach Sábháilteachta Bóithre do 4 scoil
- ◆ Thus tuairisc ar a ghníomhartha do Chomhairle Contae na Mí agus an AE
- ◆ Chuir líon áirithe seimineár i láthair do pháirtithe leasmhara
- ◆ Chuir acmhainn oideachais ar fáil do scoileanna áitiúla

Taispeánann an léaráid thíos sonraí teagmhála leis an áisínteacht le linn 2004.

Seirbhísí Tréidliachta

Reachtáileann Comhairle Contae na Mí conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ina gheallann an Chomhairle seirbhísí tréidliachta a sholáthar i seamlais agus ionaid bheaga próiseáil feola sa chontae seo.



Le linn 2004 leathnaíodh réimse an chonartha seo chun feidhmeanna eile a thabhairt don Chomhairle lena n-áirítear seamlais a cheadú faoi réir Acht na Seamlas, 1988 agus ionaid bheaga feoil a cheadú faoi Rialacháin (Feoil Úr) 1997 de chuid an A.E., Rialacháin (Táirgí Feola agus Táirgí Eile ó Ainmhithe) 1995 go 2002 de chuid an A.E. agus Rialacháin (Feoil Mhionaithe agus Ullmhúcháin Feoil) 1996 de chuid an A.E.. Roimhe seo bhíodh na feidhmeanna seo seo ag an Roinn Talmhaíochta.

Le linn 2004 scrúdaigh an Chomhairle an leibhéal seo a leanas de ghníomhaíochtaí:

- ◆ 8 seamlas;
- ◆ 4 ionad beag feoil;
- ◆ 3,957 eallach;
- ◆ 21,167 caora;
- ◆ 9,378 muc
- ◆ 1,200 tonna de tháirgí feoil.

Athraíodh scrúdú ar sheamlas mór amháin don Roinn Talmhaíochta le linn 2004 nuair a tugadh ceadúnas A.E. dó agus dhún seamlas beag amháin i rith na bliana. Dhún ionad beag feoil amháin freisin i rith na bliana.

Sainítear ionad beag feoil mar seo a leanas

“ionad a tháirgíonn níos lú ná seacht dtonna go leith de tháirgí in aghaidh na seachtaine. Sna hionaid seo déanadh scrúdú ar dhíchnámhadh agus folúsphacáil mairteola, táirgeadh mhionfheola, gearradh de chonablaigh caoireola agus muiceola agus soláthar de tháirgí bÁCúin. Deineadh scrúdú freisin ar stóráil agus dáileadh na dtáirgí seo agus táirgí eile feola agus éanlaithe”.

Bhí an tseirbhís tréidliachta páirteach freisin i gcigireacht ar fheirmeacha déiríochta a tháirg bainne, smacht ar mhadraí, forfheidhmiú na rialachán maidir le ainmhithe titithe agus drámhaíl ainmhithe, cúrsaí leasa ainmhithe agus smacht ar chapail.

Is é Roger Moore Cigire Tréidliachta Chomhairle Contae na Mí.

Seirbhís Dóiteáin

Leanann Údarás Dóiteáin na Mí de seirbhís dóiteáin agus éigeandála den scoth a sholáthar.

Dóiteáin a Throid

Is í Comhairle Contae na Mí an t-údarás dóiteáin do cheantar riaracháin Chontae na Mí, agus trí Chomhairle Baile san áireamh. Mar thoradh ar chomhaontú neamhfhoirmeálta, cuireann Údarás Dóiteáin Dhroichead Átha seirbhís dóiteáin agus éigeandála d'Oirthear na Mí.

Tá an príomh-stáisiún dóiteáin lonnaithe ar Bhóthar na Mainistreach, An Uaimh. Tá sé stáisiún eile suite ar fud an chontae i gCill Dheagláin, Dún Seachnaill, Ceanannas, An Obair, An Seanchaisleán agus Baile Átha Troim.



Le linn 2004, rinne Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comhaontú lena ndéanfadh an tseirbhís CAMP (Computer Aided Mobilisation Project) socruithe chun briogáidí dóiteáin na Mí a shlógadh.

Déanann an tSeirbhís Dóiteáin comhordú le seirbhísí reachtúla eile mar chuid de chur i bhfeidhm na bPleananna Éigeandála Móra agus Áitiúla. Eagraíonn an tseirbhís dóiteáin cleachtadh oiliúna réigiúnda agus bréag-chleachtadh éigeandála móra ar bhonn rialta.

Trealamh Nua

Ceannaíodh inneall dóiteáin nua ar chostas €260,000 agus tugadh go stáisiún dóiteáin Cheannais é. Fágann sin go bhfuil trí inneall nua ceannaithe ag seirbhís dóiteáin na Mí.

Leathnú ar stáisiún dóiteáin na hUaimhe

Críochnaíodh síneadh trí-aonad ar stáisiún dóiteáin na hUaimhe ar chostas €380,000 sa bhliain 2004. Beidh ardán hidrálach ann a ceannaíodh le déanaí, chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag foirgnimh arda, maraon le trealamh eile speisialta dóiteáin agus éigeandála.

Cosc ar Thine

In éineacht leis na gnáth-imeachtaí chun dóiteáin a throid, tá an tseirbhís dóiteáin an-pháirteach in imeachtaí chun Tine a Chosc. Áirítear i measc na n-imeachtaí seo:

- ◆ Oideachas – Cuirteanna ar scoileanna agus ar seandaoine agus an tseachtain náisiúnta do shábháilteacht tine, a bhíonn ann i mí Dheireadh Fómhair de ghnáth.
- ◆ Cigireachtaí – Tá clár pleanáilte de chigireachtaí ann agus leagtar an bhéim ar chigireachtaí in Árasáin, Óstáin, Ospidéal, Áitribh Ceadúnaithe do Dhamha, Áitribh Ceadúnaithe, Tithe Altranais agus ionaid a mbíonn slua mór i láthair iontu ar nós na gcoirmeacha ceoil ag Sláine agus rásaí capall na Cásca. Pléann an roinn dóiteáin le hiarratais faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha (Leasú), 1979 agus Rialacháin um Astúcháin Pheitriliam.
- ◆ Cigireachtaí le linn Imeachtaí – Bíonn seiceáil rialta ann ag clubanna oíche, clubanna ceadúnaithe agus áitribh ina mbíonn ócáidí móra ar siúl. Cuirtear an bhéim sna cigireachtaí seo ar bhrú daoine agus sábháilteacht dóiteáin. Tá an Garda Síochána ar fáil chun cuidiú le cigireachtaí nuair is gá.
- ◆ Teastais Sábháilteachta Tine – Bíonn ar fhorbairtí tráchtála teastais sábháilteachta tine a fháil ón Údarás Áitiúil. Coinníonn an tÚdarás Áitiúil clár d'Fhógraí Tosaithe agus de Theastais Sábháilteachta Tine.

Plean Dóiteáin agus Éigeandála

Tá plean éigeandála ullmhaithe ag na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála a thugann aghaidh ar na contúirtí is féidir a bheith ann agus an freagra atá riachtanach i gcás éigeandála. Déanfaidh an CPS Chomhshaoil an dréacht-phlean seo a phlé in 2005.



Rabhaidh Bhréige

Tá áthas ar an gcomhairle a rá go raibh titim shuntasach i líon na nglanna amach de bharr rabhaidh bhréige le linn 2004. Bhí 68 glaoch amach mailíseach le linn 2003, agus laghdaíodh seo go 21 sa bhliain 2004. Tacaíocht na nGardai agus an phobail is cúis leis an dul chun cinn seo agus tá an chomhairle fíor-bhuíoch as an dtacaíocht seo.

Táscairí Seirbhíse

Is é 5.25 nóiméad** an meán-mhéid ama chun Briogáid Dóiteáin a shlógadh san stáisiún páirtaimseartha.

Is iad seo a leanas na céatadáin de bheith i láthair ag an suíomh :

- ◆ Laistigh de 10 nóiméad: 39%
- ◆ Laistigh de 20 nóiméad: 44%
- ◆ I ndiaidh 20 nóiméad: 17%

Fuarthas 313 iarratas do Theastais Sábháilteachta Tine le linne 2004, agus deineadh 279 iarratas a phróiseáil le linn an ama sin.

**Sa chás seo, sainítear am freagartha mar an méid ama a ghlactar ón nóiméad a thugtar ordú don Bhriogáid freastal ar an eachtra go dtí an nóiméad a thaifeadtar an Bhriogáid ag fágáil an stáisiúin.

Is iad seo a leanas na figiúirí iomlána go ghlaonna amach le linn 2004.

Teaghlach:	Uimhir
Dóiteáin Simléis i dTithe	116
Dóiteáin Tí eile	71
Leithlanna, Árasáin srl.	4
Carbháin srl.	3
Tionsclaíoch	Uimhir
Monarchana	17
Foirgnimh Stórála/Trádstórais	1
Institiúidí	Uimhir
Scoileanna	1
Tráchtála	Uimhir
Siopaí, ollmhargaí	2
Oifigí	1
Óstáin/Tithe Ósta srl.	2
Seirbhís	Uimhir
Tithe tabhairne	6
Bialanna	1
Eile	Uimhir
Feithiclí	91
Foirgnimh gan áitreabhach	13
Foirgnimh Talmhaíochta	36
Foraois/Portach/Féarach srl.	50



Stóráil Iasmuigh	14
Dramhaoil Iasmuigh	41
Ilghnéitheach	58
Ócáidí Rabhaidh Bréige	Uimhir
Mailíseach	21
Dea-intinn	237
Seirbhísí Speisialta	Uimhir
Timpistí Bóthair	147
Pumpáil Uisce/Tuillte	23
Ilghnéitheach	67
Iomlán	1023

Seirbhísí Comhshaoil Eile

Smacht ar Ainmhithe

Is í Comhairle Contae na Mí an t-údarás reachtúil do smacht ar Mhadraí agus Capaill.

D'fhostaigh Comhairle Contae na Mí Maor Madraí go díreach le linn 2004. Roimhe seo bhíodh an tseirbhís seo á sholáthar ag an ISPCA. Tá Áiseanna Nua Póna aitheanta le cuidiú ó Thearmann Ainmhithe Chollainn. Méadaítear ar an áis seo le rochtain ar Phóna Chontae Lú.

Eisíodh 5,329 ceadúnas le linn 2004.

Reiligí

Déanann Comhairle Contae na Mí bainistíocht ar 111 reilig ar fud an chontae. Le blianta beag anuas cuireadh reiligí nua ar fáil san Uaimh, Cill Dheagláin agus Damhliag. Tugadh maoiniú do dheich gCoistí Reilige i 2004 trí Scéimeanna Deontais Conláistí agus Lomaire Faiche chun cothabháil agus feabhsú a dhéanamh ar reiligí áitiúla agus tá Oifigeach Oidhreachta na Comhairle ar fáil chun sainchomhairle a thabhairt ar chaomhnú na hoidhreachta sa chontae.

Deontais Conláistí / Deontais Lomaire Faiche

Tugann na scéimeanna seo cúnamh deontais don iliomad ghrúpaí a dhéanann cothabháil agus feabhsúcháin timpeallachta sa phobal áitiúil. Airítear i measc na hoibre a fhaigheann cúnamh na nithe seo a leanas:

- ◆ maoiniú chun féar a ghearradh
- ◆ trealamh a cheannach, lena n-áirítear ciumhaisirí agus lomairí faiche
- ◆ cúnamh chun plandaí agus toir a chennach

Tá an scéim seo bunaithe ar scoth-iarracht deonach na bpobal áitiúla agus tá sí ar fáil do mhion-scéimeanna feabhsúcháin nach dtagann faoi scáth Scéim Deontais Phobail na Comhairle.

Tugadh cúnamh do chéad daichead a seacht cumann faoin Scéim Deontais Conláistí agus fuair 50 cumann cúnamh faoin Scéim Deontais Lomaire Faiche.

CÓRAIS EOLAIS

Réamhrá

Ráiteas Misin Roinn na gCóras Eolais

“Seirbhísí custaiméara ar ardchaighdeán a sholáthar le rannpháirtíocht chomhchoitianta agus nualaíocht a bhaint amach chomh maith le sárchaighdeán ríomhRialtais agus teicneolaíochta”

Maidir le Roinn na gCóras Eolais

Tugann Roinne na gCóras Faisnéise de Chomhairle Contae na Mí tacaíocht do thart ar 600 cliant inmheánach. Déanaimid córais éagsúla a sholáthar agus a chothabháil ar nós:

- ◆ Ríomh-phostas; Idirlíon, Inlíon agus Seachlíon;
- ◆ Córas gréasán-bhunaithe;
- ◆ Córais airgeadais Agresso a thugann tacaíocht do chórais bainistíochta airgeadais agus próiseáil idirbhearta na Comhairle;
- ◆ Córais faisnéise tíreolaíochta a thugann eolas riachtanach ar bhóithre, cáblaí, píblínte srl. sa chontae;
- ◆ Córais íomhá agus bainistíochta cáipéisí;
- ◆ Córais riaracháin pleanála;
- ◆ Córais riaracháin tithíochta;
- ◆ Bunachair agus teicneolaíocht chaolchliant.

Sa chaoi is go mbainfimid amach ár n-aidhm chun rannpháirtíocht uilíoch agus eRialtas a chothú, cuirfimid córais ar fáil agus déanfaimid cothabháil orthu do ghrúpaí deonacha agus pobail; tograí tacaíochta gnó; láithreáin le rochtain phoiblí agus córais leabharlainne. Déanfaimid féin cuid mhór de na córais seo a fhorbairt agus oibrímid i gcomhair leis an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil agus soláthróirí tábhachtacha.

Tugaimid tacaíocht do chliant i mbreis agus 20 ionad, Halla an Chontae, sé Oifig Cheantair, trí Chomhairle Baile, 12 leabharlann agus oifigí áitiúla eile san áireamh. Freisin tugaimid tacaíocht d’ár n-ionadaithe tofa go léir. De réir mar a lorgaíonn ár gcliant an cumas chun obair a dhéanamh as an láthair, tá teicneolaíochtaí éagsúla soghluaiste á gcur i bhfeidhm againn chun cuidiú leo córais na Comhairle a úsáid in áit ar bith. Cuireann na teicneolaíochtaí seo le héifeacht agus tairgiúlacht na foirne agus is uirlisí riachtanacha iad anois i soláthar seirbhíse den scoth don chustaiméar.

Tacaíocht don Chliant

Tá baint ag na córais agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil le gach gné de ghníomhaíochtaí na Comhairle, mar sin is gá dúinn leibhéal an-ard tacaíochta a sholáthar d’ár gcliant. Ag an Deasc Chabhrach freagraítear thart ar 5,000 glaoch in aghaidh na bliana, agus réitítear breis agus 97% d’fhadhbanna laistigh d’am an-ghearr. Tá córas casta forbraithe againn do bhainistiú glaonna a chuireann r-phostas chuig an



gcliant nuair a dhéantar gníomh tacaíochta mar thoradh ar ghlaoch, ón uair a thagann an gloach i dtosach go dtí réiteach an scéil.

Tá roinnt mhaith de phróisis inmheánacha uathoibríoch anois nó éascaithe ag an dteicneolaíocht agus tá siad seo rí-thábhachtach chun éifeachtúlacht fheabhsaithe sa Chomhairle a chur chun cinn. Bainfidimid úsáid leathan as teicneolaíochtaí d'obair chomhoibrítheach bunaithe ar ár gcórais inlín, córais roinnte chomhaid, ríomhphostas agus córais dialainne. Feabhsaíonn siad seo an bealach ina n-oibrímid le chéile agus cuireann siad toradh suntasacha ar fáil ó thaobh tairgiúlachta de.

Forbairt Chórais agus Teicneolaíochtaí Ghréasáin

Reamhrá

Lean ár Rannóg um Fhorbairt Chórais le feabhas ar phróisis agus seirbhísí nua le linn 2004.

- ◆ Deineadh Córas d'Eilimh Dhlighteas Poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Chuidigh sé seo chun éilimh a phróiseáil níos fearr ná mar a deineadh roimhe seo. Chuidigh sé freisin le cumarsáid níos fearr idir Halla an Chontae agus na hOifigí Áitiúla, ag baint úsáide as foirmeacha ar an ngréasáin, rud a chuidigh freisin le héifeachtúlachta agus le feabhas ar sheirbhísí do chustaiméirí.
- ◆ Deineadh Córas Riaracháin do Chruinnithe a fhorbairt agus a sheoladh le linn 2004. Tá an córas seo ar fáil dos na baill tofa trí Thairseach an mBall agus ligeann sé dóibh teacht ar chláracha oibre agus miontuairiscí, rúin a chur isteach agus tagairt a dhéanamh do thorthaí vótaí a bhí ann roimhe. Chuidigh sé le cumarsáid feabhsaithe idir an Chomhairle agus na Baill Tofa, ag cur an daonlathais áitiúil chun cinn.
- ◆ Le linn 2004 thosaíomar ar Chóras do Bhainistiú Ábhair a churt i bhfeidhm, ruad a chuirfidh luach ar na córais inmheánacha inlíne. Baintear úsáid astu seo mar uirlisí cumarsáide ar fud an Chomhairle agus cuidíonn siad go mór le comhoibriú agus roinnt eolais. Cabhróidh an córas le húsáideoirí ábhar a athnuachan gan a bheith ag brath ar an Roinn CF. I gcomhair leis an dtionscnamh seo, tá an t-ábhar ar fad ar an Inlín á athnuachan agus á fheabhsú.
- ◆ Cuireadh an córas do bhainistiú glaonna (a forbraíodh don Roinn CF) ar fáil do rann eile le linn 2004 agus tá an obair seo ag dul ar aghaidh go fóill.
- ◆ Le linn 2004 cuireadh tús le forbairt agus cur i bhfeidhm ar chóras smachtuithe rochtana do Halla an Chontae agus cuireadh críoch leis an dtionscnamh seo le déanaí, agus an córas á bhainistiú go hiomlán ag an roinn chuí.

I gcomhair le Roinn Pobail agus Fiontraíochta na Comhairle, tá baint dlúthe ag an Roinn CF le tacaíocht do scaipeadh na Teicneolaíochta Faisnéise ar fud an chontae agus san pobail ar fad. Agus leas á bhaint as tionscnaimh Pobail Ar Líne Le Chéile agus MoBhaile, forbraíodh níos mó na 130 láithreán do ghrúpaí pobail agus deonacha, agus is féidir teacht ar bhreis agus 90 díobh seo ónár bpríomhláithreán, www.meath.ie. Thug an fhoireann CF oiliúint do bhreis agus 250 duine i bhforbairt agus bainistiú a láithreán féin agus chuidigh siad go mór le cothú na rannpháirtíochta uilíocha, E-daonlathas agus E-chuimsitheacht sa chontae. Tugdah aitheantas náisiúnta d'ár saothar nuair a bhronn an An Taoiseach, Bertie Ahern, gradam ar an gComhairle do



“Nuáil Trí Theicneolaíocht.” Mar thoradh ar ár gcuid oibre sa tionscnamh Pobail Ar Líne Le Chéile ainmníodh Comhairle Contae na Mí mar láthair píolótach don togra náisiúnta MoBhaile, atá á chomhordú ag an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil.

Infreastruchtúr

Infreastruchtúr Ghréasáin, Freastalaí agus Teileafóin

Cuireann Comhairle Contae na Mí seirbhís ar fáil don phobal le líonra d'Oifigí Áitiúla lonnaithe i gCill Dhéagláin, Baile Átha Troim, Ceanannas, Dún Seachlainn, Damhliag agus An Uaimh. Chomh maith leis sin cuirimid leabharlanna ar fáil, maraon le hoifigí láithreáin, áiseanna ar nós ionaid uisce agus séarachais, stáisiúin dóiteáin, linnte snámha srl. Tacaímid le foireann a oibríonn lasmuigh den phríomhoifig agus is féidir seirbhísí agus tacaíocht a sholáthar áit ar bith, nach mór. Tá an gréasán scaipthe seo ag brath ar líonraí iontaofa logánta (LAN) agus Líonra Achair Fhairsing (WAN). Tá sé ag brath freisin ar chórais ríomhairí atá docht agus athléimneach.

Tá na ríomhairí (freastalaithe) a thacaíonn leis na ríomhchláracha i gcoirílár an infreastruchtúir. Tá beagnach 40 freastalaithe lonnaithe i Halla an Chontae san Uaimh, agus freastalaithe breise ag na hOifigí Áitiúla, leabharlanna áirithe agus áiteanna eile. Cuirtear ár WAN ar fáil trí línte ar léas, ISDN, leathanbhanda DSL (digital subscriber line), ceangail diailithe agus naisc neamhcheadúnaithe gan sreang. Tá na ceangail seo riachtanach chun seirbhísí a sholáthar go leanúnach d'ár gcustaiméirí. Agus níos mó d'ábhar ilmheáin agus tíreolaíochta ann, tá fás rialta ar an éileamh do chumas breise trí LANanna agus WANanna ar bhandaleithead ard. Tá feabhas leanúnach á chur ar ár líonraí de réir an éilimh. Tá ár gcuid LANanna bunaithe ar cháblaí snáthoptach tapa agus CAT5 agus anois, ó deineadh athnuachan ar an líonra i Halla an Chontae i 2004, tá tréachur de aon ghigighiotán againn.

Bhog Leabharlann Chill Dhéagláin isteach sna hOifigí Cathracha nua i 2004. Tán an leabharlann níos mó anois agus tá 12 ríomhaire ann don phobal ann anois, áit nach mbíodh ach aon cheann amháin. Maidir leis an bhfoireann, tá sé ríomhaire acu, áit nach mbíodh ríomhaire ar bith. Tá sé i gceist againn anois seirbhísí breise agus rochtain Idirlín a sholáthar inár leabharlanna eile.

Le linn 2004, bhog an Chomhairle an cuid is mó dá cumarsáid gutha go dtí Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) gutha an rialtais. Tá suimeanna suntasacha á shábháil anois ag Halla an Chontae agus na hOifigí Áitiúla ar fad agus úsáid á bhaint as an VPN. Tá sé i gceist againn deiseanna a aithint agus a úsáid chun chun airgead a shábháil tré úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí is déanaí.

Seirbhísí Spásúla

Sa bhliain 2004 ghlac ár roinn um Seirbhísí Spásúla páirt i dtogra taighde á mhaoiniú ag an AE, Hydroplan, faoin gCúigiú Clár Chreatlaigh chun líonraí uisce agus dramhuisce a bhainistiú. Tá sé d'aidhm ag an dtogra creatlach bainistíochta faisnéise Eorpach a thriail agus a scaipeadh, ionas go mbeidh gnás ann chun acmhainní inbhuanaithe dramhuisce agus uisce óil a bhainistiú. Chun an aidhm seo a bhaint amach déanfar cúig scéim píolótach ar líonraí séarachais agus uisce óil chun feabhas na modheolaíochta Hydroplan a chruthú. Cuirfear an mhodheolaíocht i bhfeidhm ar dhá



líonra uisce óil: scéim phoiblí oirthir na Mí in Éirinn agus scéim phoiblí Imperia san Iodáil.

Cuideoidh forbairt na Líonraí Achar Cathrach (MANanna) leis an bhforbairt eacnamaíoch. Chuidigh Seirbhísí Spásúla le feidhmiúcháin MAN na Mí tré eolas tíreolaíochta agus seirbhísí léarscáilíochta ar a mbunaítear na feidhmiúcháin a chur ar fáil.

Tá borradh ar Chontae na Mí agus tá gá le príomhshócmhainní sa chontae a ainmniú, a fháil agus a thaifeadadh go leictreonach, lena n-áirítear bóithre, uisce, draenáil agus séarachas, chomh maith le seirbhísí agus áiseanna a chuireann eagrais eile ar fáil. Tá na suirbhéanna riachtanacha á ndéanamh ag Seirbhísí Spásúla chun na sonraí riachtanacha a bhailiú agus tá an roinn gníomhach ag bailiú eolais ar acmhainní uisce. Cuirtear an t-eolas seo ar fáil don fhoireann ar fad chun cuidiú leo agus iarratais pleanála agus iarratais forbartha eile á scrúdú acu, agus nuair atá seirbhísí nua á bpleanáil.

An Mhí ar an Idirlíon

Tugann láithreán na Comhairle, www.meath.ie, eolas leathan do dhaoine sa bhaile agus thar lear agus is é an príomhphointe tosaigh chun eolas a fháil ar an iliomad seirbhísí a chuireann an Chomhairle ar fáil. Feidhmíonn ár láithreán freisin mar thairseach do láithreáin Pobail Ar Líne Le Chéile agus an-chuid láithreáin eile ar nós www.motortax.ie, www.meathartscentre.ie, Comhairlí Baile i mBaile Átha Troim, an Uaimh agus Ceanannas, agus an-chuid eile. Is féidir le cuairteoirí fiosruithe a dhéanamh faoi chlár na dtogthóirí, fiosruithe pleanála a dhéanamh ar <http://planning.meath.ie/> cláracha agus miontuairiscí do chruinnithe de chuid na gComhairlí. Cuirtear an-chuid cáipéisí tábhachtacha ar fáil ar an láithreán, rud a thugann eolas ar iliomad ábhar don phobal.

Tá fás leanúnach ar an éileamh d'eolas ar an Idirlíon agus faoi láthair cuireann ár bpríomhláithreán 750,000 leathanach in aghaidh na míosa ar fáil, ar an meán, méadú de bhreis agus 50% ar an mbliain roimhe; meán de 11,500 leathanach in aghaidh na míosa a chuireann ár láithreán infheistíochta invest.meath.ie ar fáil; cuireann ár láithreán turasóireachta, www.meathtourism.ie, meán iontach de 325,000 ar fáil, agus cuireann ár seirbhís d'fhiosruithe pleanála ar líne, planning.meath.ie, 43,000 leathanach in aghaidh na míosa.

An Toghchán

Leanfaidh an Roinn CF de thacaíocht do sholáthar éifeachtach de sheirbhísí na Comhairle leis na teicneolaíochtaí cuí. Leanfar le hiarrachtaí chun bainistiú chostais, nuáil seirbhíse, táirgiúlacht fheabhsaithe, scothsheirbhís don chustaiméir agus rannpháirtíocht uilíocht a bhaint amach.

Tá dúshlán romhainn na seirbhísí den scoth a sholáthar laistigh de shrianta aigreadais, aisíoc ceart a thabhairt ar an infheistíocht i dteicneolaíocht faisnéise, agus buntáistí cuí a sholáthar d'fhostaithe, baill tofa, eagrais eile agus an pobal i gcoitinne.



PLEANÁIL AGUS FORBAIRT EACNAMAIÓCHTA

Réamhrá

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as forálacha Acht Pleanála agus Forbartha 2000 agus Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001 a chur i bhfeidhm. Is é atá i gceist léi inter alia:

- ◆ Polasaí a dhéanamh i dtaca le Pleanáil Fhisiceach,
- ◆ Pleananna Forbartha/Pleananna Ceantair Áitiúil ábhartha a ullmhú agus a aithbhreithniú,
- ◆ Iarratais ar chead pleanála a mheas,
- ◆ Forbairt a rialú agus an reachtaíocht pleanála a fhorghníomhú,
- ◆ Comhairle a thabhairt don phobal agus do Rannóga Comhairle eile maidir le cúrsaí pleanála,
- ◆ Forbairt thionsclaíoch agus forbairt eile sa Chontae a chur chun cinn.

Legislative Background

An tAcht um Phleanáil agus Forbairt, 2000

Déanann an tAcht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 na nAchtanna Pleanála ar fad roimhe agus cuid mhór de Rialacháin um Mheasúnuithe Thionchar Chomhshaoil a chomhdhlúthú. Chomh maith le forálacha a bhí ann cheana a chomhdhlúthú, tá athruithe suntasacha san Acht maraon le tograí nua ar nós Criosanna Forbartha Straitéiseacha, gníomhartha nua raidiciúla maidir le soláthar tithíochta, bealach níos oscailte a thabhairt isteach chun Pleananna Forbartha a chruthú agus céimeanna chun cuí a chur ar an gcóras pleanála.

Cuireann na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt, 2001 an tAcht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 i bhfeidhm ina iomláine. Sna Rialacháin sin cuirtear san áireamh agus nuashonraítear na Rialacháin um Rialtas Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1994 go 2000 (a deineadh faoin Acht Pleanála 1963) agus na Rialacháin ar fad a deineadh go dtí sin faoin Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 féin.

Agus an Reachtaíocht Pleanála á chur i bhfeidhm tá na nithe seo a leanas san áireamh:

- ◆ Polasaí do phleanáil fhísiciúil a dhéanamh
- ◆ Ullmhú agus athbhreithniú de Phleananna cuí Forbartha, Áitiúla agus Gníomhartha Áitiúla
- ◆ Iarratais ar chead pleanála a mheas,
- ◆ Smacht ar fhorbairt agus forfheidhmiú ar reachtaíocht pleanála.
- ◆ Comhairle a thabhairt ar chúrsaí pleanála don phobal agus do Ranna eile sa Chomhairle
- ◆ Forbairt eacnamaíochta an chontae a chothú agus a fheabhsú agus forbairt tionsclaíochta, turasóireachta agus pobail a ghríosadh ar fud an chontae.
- ◆ Monatóireacht agus forfheidhmiú ar fhorbairt, lena n-áirítear forbairt gan chead agus cóid rialacháin, Smacht Fhoirgnimh agus Sábháilteacht Tine san áireamh.



Rialacháin Tógála

Cnuasach de riachtanais dlí is ea na rialacháin tógála, agus é d'aidhm acu deachleachtas a chothú i ndearadh agus tógáil na bhfoirgnimh ar chúiseanna sláinte, sábháilteachta agus leasa na ndaoine a bhaineann úsáid as foirgnimh.

Leagann na rialacháin síos na bun-riachtanais le comhlíonadh i ndearadh agus tógáil na bhfoirgneamh. Baineann siad le foirgnimh nua chomh maith le leathnuithe, fíor-athruithe agus athruithe áirithe ar úsáid d'fhoirgnimh atá ann cheana. Tá na rialacáin seo in ionad na bhfodhlithe a bhíodh i bhfiedhm in áiteanna áirithe ar fud na tíre.

Molann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go ndéanfadh Oifigigh um Smacht Tógála cigireacht ar 12% go 15% d'fhoirgnimh.

Tá Comhairle Contae na Mí an-bhródúil as a cuid oibre sa chás seo, ó tharla gir baineadh ráta cigireachta 85% amach le linn 2004.

Depatmantal Guidelines

Measúnú Straitéiseach ar Thionchar Comhshaoil

I mí Márta 2004 d'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dréacht-threoirínite ar chur i bhfeidhm Threoir an AE ar Mheasúnú Straitéiseach ar Thionchar Comhshaoil (SEA).

Déanann SEA measúnú ar thionchar comhshaoil is dócha a bheadh ann mar thoradh ar phleananna agus cláracha (agus leasuithe orthu), sula nglactar leo. Is é an bunús atá le SEAanna ná má tá na pleananna agus na cláracha straitéiseacha ar a mbunaítear cinní láidir ó thús, ó thaobh comhshaoil de, ba chóir go mbeadh na gníomhartha a eascrann astu inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de. Dá bharr sin ceartófar laigí san EIA togra-bhunaithe. Baineann an Treoir le pleananna agus cláracha dá leithéid, a thosaíonn tar éis 21 Iúil 2004.

Treoirínite ar Thithíocht Thuaithe Inbhuanaithe.

I mí Márta 2004 d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dréacht-threoirínite d'Údaráis Pleanála ar Thithíocht Thuaithe Inbhuanaithe do chomhchomhairle phoiblí.

Nuair a bheidh measúnú déanta ar na tuairimí ar fad a léiríodh le linn an phróisis comhchomhairligh eiseofar na treoirínite mar Threoirínite Aireachta faoi Acht Pleanála 2000.

Tá na dréacht-Threoirínite bunaithe ar an dtuairim go dtabharfar cead pleanála do thithe to dhaoine a bhfuil fréamhacha acu i gceantair tuaithe nó naisc acu leo, agus atá comhpháirteach sa phobal tuaithe, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na gnáthriachtanais maidir le nithe ar nós sábháilteachta ar bhóithre agus dramhuisce a dhiúscairt.



Clárú de Chairéil

I mí Aibreán 2004 d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil treoirlínte ar Chairéil agus gníomhartha coimhdeacha, agus thosaigh Alt 261 den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 freisin. Dá réir seo caithfidh úinéirí agus oibritheoirí riachtanais agus dualgais áirithe a chomhlíonadh maidir le hoibríochtaí leanúnacha de chairéal.

Tá iallach ar gach cairéal, ach amháin iad siúd a fhaigheann cead pleanála laistigh de 5 bliana ó thús le hAlt 261, clárú le Comhairle Contae na Mí roimh 27 Aibreán 2005. Muna gcláraíonn, dearbhófar go bhfuil an Cairéal neamhúdaraíthe agus féadfar an dlí a chur orthu, is cuma cén stádas dlí a bhí ag an oibríú roimhe sin. Ní bheidh cairéil, a bhí gan úsáid le fada (m.sh. roinnt blianta), in ann obair a thosú arís gan cead pleanála a lorg agus ní bheifear in ann cairéal gan úsáid a chlárú chun obair a thosú arís.

Smacht Pleanála

Príomh Iarratais Pleanála a fuarthas nó a cinneadh le linn 2004

- ◆ Mórfháirc trádstórais (le 8 aonad agus ionad ghairdín in achar iomlán de 11,200 sq/m) ar shean-láthair Navan Carpets, Bóthar Cheanannais, An Uaimh
- ◆ Tara Mines – leathnú ar an gCeantar Mianadóireachta in aice le Ard Bhreacain, An Uaimh
- ◆ Mórfhorbairtí Tithíochta i nDún Seachlainn, Cill Dheagláin, An Seanchaisleán agus Baile Átha Troim
- ◆ Méadú ar Phróiseáil Dramhaíola ag Eastáit Tionsclaíochta Dhún Búinne
- ◆ Forbairtí Óstáin san Uaimh.

Staitisticí Iarratais 2004

Sa bhliain 2004 fuair Comhairle Contae na Mí agus na trí Chomhairlí Baile (An Uaimh, Ceanannas agus Baile Átha Troim) 2616 iarratas pleanála san iomlán.

Is ionainn sin agus méadú thart ar 5% ar 2003 agus 28% ar fhiigiúir na bliana 1997. Des na hiarratais sa bhliain 2004 ceadaíodh thart ar 69% agus ar an mheán tugadh cinneadh ar 78% de na hiarratais ar fad laistigh den tréimhse reachtúil 8 seachtainí gan gá le tuilleadh eolais.

Le linn 2004, tugadh cinneadh maidir le 637 iarratas pleanála do thithe aonair tuaithe faoin dtuath agus do 167 forbairtí tithíochta.

Bhí Ráitis Thionchar Chomhshaoil in éineacht le 13 iarratas pleanála a fuarthas le linn 2004.

I gcásann inar deineadh achomharc chuig an mBord Pleanála ar chinní an Údaráis Pleanála, dhearbhaigh an Bord ár gcinní i 72% de chásanna, rinne sé ár gcinneadh a leasú i 11% de chásanna agus chuir ár gcinneadh ar ceal i 16% de chásanna.

Forfheidhmiú ar Smacht Pleanála

Tá an tÚdarás Pleanála freagrach as Forfheidhmiú ar Smacht Pleanála.



Nuair a tharlaíonn forbairt gan chead pleanála, nó nuair nach gcloíonn sé le coinníollacha chead pleanála, is féidir leis an Údarás gníomh forfheidhmithe a dhéanamh. Faoin Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 tá iallach ar údarás pleanála fíor-ghearáin maidir le sárú ar Smacht Pleanála laistigh d'am áirithe, tá cead acu fíneálacha a ghearrann na Cúirteanna ar chionta pleanála a choinneáil (chun smscht pleanála níos éifeachtaí a mhaoiniú) agus cead acu ceadúnas pleanála a dhiúltú (ach cead a fháil ón Ard-Chúirt) d'fhorbróir nár chloí le cead pleanála roimhe sin. Tháinig na forálacha seo i bhfeidhm i mí Márta 2002. Is féidir leis an údarás fógraí a eisiúint agus ina dhiaidh sin fógraí forfheidhmithe agus b'fhéidir cás cúirte. Tá cead ag aon duine nó grúpa ordú a lorg ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Chuarda i gcoinne fhorbróra, ag cur stop le forbairt nó úsáid neamhúdaraithe.

Mar fhreagra ar an méadú as cuimse atá tagtha ar forbairt le blianta beag anuas, tá acmhainní breise curtha ar fáil ag Comhairle Contae na Mí do réimse an fhorfheidhmithe, foireann ag an leibhéal Teicniúil agus Riaracháin san áireamh. Mar thoradh air seo tá méadú suntasach tagtha ar leibhéal na gcigireachtaí agus béim ar leith curtha ar thograí a mhaoirsiú sna céimeanna tosaigh.

Staitisticí Forfheidhmithe

Le linn 2004 fuair Comhairle Contae na Mí 486 gearán san iomlán agus tar éis fiosruithe orthu seo eisíodh 205 Litreacha Foláirimh agus 143 Fógraí Forfheidhmithe. Bhí orainn cásanna Cúirte a thosú maidir le 16 cásanna le linn 2004.

Dílárnú ar Fheidhmeanna Pleanála

Tá cuid mhór de na Feidhmeanna Pleanála a bhíodh ar siúl i bPríomhoifig Chomhairle Contae na Mí in An Uaimh amháin ar siúl anois ag an Leibhéal Áitiúil, agus na Siopaí Aon-Stad i nDamhliag, Dún Seachlainn agus Cill Dhéagláin san áireamh. Anois is féidir iarratais ar phleanáil a chur isteach, a fheiceáil nó aighneachtaí a dhéanamh ag na hionaid seo.

Mar thoradh ar dhílárnú ar an bhFeidhm Pleanála chuig na hOifigí Áitiúla, agus an tseirbhís seo bunaithe ar Theicneolaíocht Faisnéise, tá seirbhís i bhfad níos fearr ann do bhaill den phobal.

Clinicí Réamh-Phleanála

Eagraíonn Comhairle Contae na Mí clinicí réamh-phleanála ar bhonn áitiúil gach mí. Tugann siad seo deis do dhaoine a bhfuil sé i gceist acu cead pleanála a lorg do thithe aonair nó do mhéaduithe tí teaghlaigh an scéal a phlé le hOifigí Pleanála sula gcuirtear na hiarratais isteach.

Mar thoradh ar na clinicí réamh-phleanála tá feabhas tagtha ar chaighdeán na n-iarratas a dhéantar agus airgead sábháilte ag an-chuid iarrthóirí nach gcuireann airgead amú ar iarratais nach mbeadh ag cloí le riachtanais leagtha síos i bPlean Forbartha an Chontae.



Forward Planning

Treoirlínte Pleanála Straitéiseacha

Foilsíodh Treoirlínte Pleanála Straitéiseacha d'Ollcheantar Bhaile Átha Cliath don chéad uair sa bhliain 1999. Cuireann Treoirlínte Pleanála Straitéiseacha creatlach ar fáil do phleanáil fad-téarmach straitéiseach d'fhorbairt in d'Ollcheantar Bhaile Átha Cliath laistigh de chomhthéacs an Achta um Phleanáil agus Forbairt 2000 agus an Straitéis Spásúlachta Náisiúnta 2002 –2020 (NSS). In Aibreán 2004 rinne na hÚdaráis Réigiúnda don Lár Oirthear agus do Bhaile Átha Cliath Treoirlínte Réigiúnda Pleanála don tréimhse 2004 to 2016, agus tháinig siad seo i bhfeidhm i mí Iúil 2004.

Crios Forbartha Straitéiseach Ghleann Chluain Mhic Eadain, An Uaimh

Agus láithreán ag Gleann Chluain Mhic Eadain, An Uaimh ainmnithe mar chrios forbartha straitéiseach d'fhorbairt tithe teaghlaigh, ullmhaíodh dréacht-Scéim Pleanála agus bhí comhchomhairle phoiblí ann ina taobh. Bhí Éisteacht ó Bhéal ag an mBord Pleanála i mí Márta 2004 ar an scéim agus cheadaigh an Bord an scéim, ach leasuithe áirithe a dhéanamh, i mí Bealtaine 2004.

Scéim Ranníocaíochta Forbartha

Faoi Alt 48 den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 bhí iachall ar Údaráis Pleanála Scéim Ghinearálta Ranníocaíochta Forbartha a dhearadh maidir le h-infreastruchtúr poiblí agus áiseanna a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil nó a sholáthraítear ar a shon a chuidíonn le forbairt sa cheantar. Cheadaíonn an reachtaíocht seo le hÚdarás Pleanála, agus cead pleanála á thabhairt aige, coinníollacha a chur san áireamh ag lorg íocaíochta maidir le h-infreastruchtúr agus áiseanna dá leithéid a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil nó a sholáthraítear ar a shon nó a bhfuil sé i gceist iad a sholáthar. Cuideoidh na ranníocaíochtaí faoin scéim seo le Costais Caipitil a mhaoiniú do réimse leathan d'infreastruchtúr agus áiseanna.

I mí Márta 2004 glacadh le scéim do Chontae na Mí, agus Comhairlí Baile na hUaimhe, Cheanannas agus Bhaile Átha Troim san áireamh.



ACMHAINNÍ DAONNA

Réamhrá

Bíonn freagracht shainiúil ar an Rannóg Acmhainní Daonna maidir leo seo a leanas:

- ◆ Torthaí Ranna
- ◆ Polasaithe agus Gnásanna AD a fhorbairt
- ◆ Caidreamh Tionsclaíocha
- ◆ Saoire
- ◆ Páirtnéireacht
- ◆ Tomhas ar Fheidhmíocht
- ◆ Earcaíocht
- ◆ Conarthaí Foirne
- ◆ Aoisiúntas
- ◆ Taifid Oiliúna agsu Pearsanra

Structúir Foirne


Foireann Bhainistíochta

Bainisteoir Chontae: Tom Dowling
Stiúrthóirí Seirbhíse: Brendan McGrath, Jackie Maguire, Kevin Stewart, Eugene Cummins, Tadhg McDonnell,
Ceann Airgeadais: Fiona Lawless


Structúir Foirne	Uimhir
Bhainistíochta	7
Riaracháin	253
Innealtóireachta/Theicniúil	127
Fheidhmiúcháin / Foireann Allamuigh	242
Sheirbhís Dóiteán	70
Conradh	2
Eile	81

Staitisticí na gCómórtas 2004

Le linn 2004 reachtáileadh 22 comórtas san iomlán do phoist níos airde ná Grád 5. Seo a leanas cur síos ar inscne na n-iarrthóirí cáilithe.



De na boird agallaimh a reachtáileadh le linn 2004 bhí briseadh síos inscne mar seo a leanas:



Páirtnéireacht Ionad Oibre

Sa phróiséis páirtnéireachta tá bainistíocht, ceardchumann agus foireann páirteach i gcomhaontú ar aidhmeanna coitianta agus ag obair lena chéile chun feabhas eagraíochta a chinntiú. Próiséis leanúnach is ea an pháirtnéireacht agus tá gá le daoine a bheith páirteach ann ar fud na heagraíochta. Is é an bealach is fearr chun gnó a dhéanamh agus tá gá leis chun athruithe a thabhairt isteach.

Ionadaithe Ceardchumann (9)	Bainistíocht (7)
Robert Bradley	Michael Arthurs
Arnold Blake	Noeleen Doggett
Eugene Farrelly	Greg Duggan
Stephen O'Hare	Brigid McQuaid
Jim Gibney	Jackie Maguire
Seamus Flynn	Paddy Sheils



Tony Collier	Michael Griffin
Andy Noone	
P.J. Weldon	

Plean Gníomhaíochta Páirtnéireachta

Chríochnaigh an Coista Páirtnéireachta a Phlean Gníomhaíochta i mí na Márta. Dearadh an plean seo faoi réir na bhforálacha a leagtar amach i gcáipéis straitéise LANPAG', 'Treisiú sa Pháirtnéireacht'. D'aontaigh an Coiste ar ráiteas misin nua .i.. 'Cuireann Údaráis Aitiúla na Mí feabhas ar sholáthar seirbhísí agus ar shaol oibre na foirne'. D'aontaigh an Coiste freisin ar cheithre aidhmeanna .i.e.

- ◆ Nithe a aithint
- ◆ Rannpháirtíocht níos leithne de dhaoine
- ◆ Oiliúint
- ◆ Cultúr na Páirtnéireachta a fhorbairt

Déanfar an Plean a athbhreithniú sa bhliain 2005.

Baill Nua

I mí Bealtaine d'fhág Comhchathaoirleach na Bainistíochta, John Quinlivan, le post i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Ainmníodh Michael Arthurs, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach mar Chomhchathaoirleach na Bainistíochta in ionad John, agus d'ainmnigh Bainisteoir an Chontae Michael Griffin, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach mar ionadaí nua bainistíochta ar an gCoiste.

Filleadh ar Fhoghlaim (RTL)

Ghlac 32 fostaithe páirt sa chlár RTL i 2004. Bhí 4 chéimeanna ann ag plé le Ríomhaireacht, Cumarsáid, Matamaitic agus Forbairt Phearsanta. Bhronn Tom Dowling, Bainisteoir an Chontae, teastais tinrimh ag ócáid san Óstán Bhrú na Bóinne ar 9 Meitheamh.

Tosaíodh an clár arís i mí na Samhna agus tá 9 bhfostaithe ag freastal faoi láthair ar ranganna i Ríomhairí (Meánchúrsa). Le déanaí bhain LANPAG gradam 'Foghlaim ar feadh an tSaoil' ón CIPD don chlár RTL.

Grúpaí Oibre Páirtnéireachta Nua

Bunaíodh trí ghrúpa oibre páirtnéireachta nua i Meán Fómhair 2004 agus thosaigh siad ag obair ar thrí thogra: Roghann Sláintiúla san Ionad Oibre (WHO), Scotsheirbhísí don Chustaiméir agus Áiseanna Foirne i Halla nua an Chontae a bhí molta.

D'eagraigh an grúpa WHO lá an-rathúil 'Beatha Sláintiúil' don fhoireann agus a gclanna ar an Satharn 4 Nollaig ag Ionad Spóirt Bhaile Shíomóin. Chuir Tom Dowling, Bainisteoir an Chontae fáilte roimh chách agus thug an t-aoi onórach, Sean Boylan, caint inspioráideach ar a shaol agus a obair mar luibheolaí. Bhí neart torthaí agus



deochanna sláintiúla ar fáil chomh maith le cóireáil saor in aisce ar nós reifléacseolaíocht, suathaireacht Indiach chloiginn, reike agus cumhartheiripe. Bhain na páistí taithneamh as smidiú aghaidh, damhsa agus oiliúint i scileanna peile, saor in aisce.

Plean Corparáide

Deineadh athbhreithniú ar an bPlean Corparáide sa bhliain 2004. Mhol na treoirínte ullmhúcháin gur chóir comhairle agus rannpháirtíocht na foirne a lorg. D'eagraigh agus d'éascaigh an tÉascitheoir Páirtnéireachta 20 seisiún comhairle don fhoireann trí phróiséis na Páirtnéireachta. Baineadh leas as an eolas a fuarthas de bharr na comhairle seo chun an Plean Corparáide a ullmhú maraon leis na pleananna oibriúcháin bliantúla a d'eascair as.

Polasaithe

Sa bhliain 2004, d'aontaigh an Coiste Páirtnéireachta ar pholasaí maidir le "gníomhú i bpost" don fhoireann inmheánach agus lasmuigh agus polasaí freisin ar shoghluaiseacht foirne

Pleananna Gníomhaíochta an Ghrúpa Deimhnithe Feidhmiúcháin (PVG)

Fuair an Coiste Páirtnéireachta eolas ar na pleananna gníomhaíochta ráithe a cuireadh faoi bhráid an Ghrúpa Deimhnithe Feidhmiúcháin. D'eagraigh Comhairle Contae Lú an cruinníú láithreáin don Mhí, an Lú, Muineachán agus an Cabhán i mí Dheireadh Fómhair. Bhí Páirtnéireacht san Ionad Oibre ar cheann dena téamaí a bhí idir lámha ag an ngrúpa PVG agus thug an tÉascitheoir cur síos ar an dul chun cinn sa Mhí.

Seirbhís Tacaíochta Foirne

Tabharfaidh Comhairle Contae na Mí cúnamh, go hiomlán faoi rún, d'fhostaí ar bith atá i sáin go pearsanta. Bhunaigh an chomhairle Seirbhís Tacaíochta Foirne neamhspleách chun leasa na foirne ar fad le linn 2003. Seirbhís rúnda, céad-teagmháil, féin-chuiditheach is ea an tseirbhís seo atá ar fáil d'fhoireann agus pinsinéirí ó Údarás Áitiúla uilig na Mí.

Sheol Bainisteoir an Chontae, Tom Dowling an tseirbhís go hoifigiúil i 2003. Eagraíodh "Lá Eolais" i Halla na Comhairle áit a raibh ionadaithe ó áisín-teachta áitiúla, agus eolas acu ar a gcuid seirbhísí féin.

Sa bhliain 2004, thosaigh na Comhairleoirí Tacaíochta Foirne ar chúrsa maidir le Cúnamh agus Tacaíocht Shóisialta d'Fhostaithe ag OÉ, Gaillimh.

I mí na Nollag dáileadh cártaí gnó don tSeirbhís Tacaíochta Foirne chun a chinntiú go raibh eolas ag an fhoireann ar fad maidir leis an tseirbhís.

Oiliúint agus Forbairt

Tá breis agus 800 daoine fostaithe ag Údarás Aitiúla na Mí, rud a chiallaíonn go bhfuil na húdarás mar ghrúpa ar cheann dena fostóirí is mó sa chontae. Tá tiomantas



daingean ann chun athnuachan a dhéanamh agus chun chun an fhoireann a fhorbairt faoi réir na n-aidhmeanna eagraíochta.

Tá oiliúint, oideachas agus forbairt na foirne ar cheann d'fheidhmeanna Acmhainní Daonna agus cuirtear na nithe seo chun cinn le Páirtnéireacht san Ionad Oibre.

Tá sé d'aidhm ag polasaí oiliúna na Údaráis Áitiúla na Mí:

- ◆ Fostaithe a fhorbairt chun éifeachtúlacht is fearr a bhaint amach tré aghaidh a thabhairt ar laigí eolais nó scileanna.
- ◆ Foireann oilte agus solúbtha a fhorbairt a bheidh in ann riachtanais seirbhíse a fhreagairt gan mhoill.
- ◆ Foireann a fhorbairt, a ghríosadh agus a choinneáil.
- ◆ Foghlaim ar feadh an tsaoil a chothú
- ◆ Scileanna a sholáthar do rudaí nua laistigh d'Údaráis Áitiúla na Mí.

Creidiúnú CPD

Bronnadh creidiúnú trí-bliana ar Chomhairle Contae na Mí as an gClár um Fhorbairt Leanúnach Phroifisiúnta d'innealtóirí agus teicneoirí. Is é seo an chéad Údarás Áitiúil in Éirinn a fuair creidiúnú ar feadh trí bliana. Ba mhaith leis an bhfoireann CPD an fhoireann innealtóireachta agus teicniúil a mholadh agus buíochas a ghabháil leo as an gcomhoibriú chun rath an chláir a chinntiú.

Is iad seo a leanas baill na foirne CPD:

Michael English, David Keyes, Sean Mulligan, Michael Arthurs, Sean Clarke, Olive Falsey.

Comhghairdeas don fhoireann a bhain gradaim amach i mbliana agus cúrsaí teastais, dioplóma, céime agus máistreachta críochnaithe acu agus comhghairdeas freisin dóibh siúd a chuaigh faoi oiliúint TFC agus ar éirigh leo i scrúduithe.

I measc na h-oiliúna a cuireadh ar fáil laistigh den chomhairle sa bhliain bhí:

- ◆ Ionduchtúchán: Céim 3 – Feabhra agus Samhain
- ◆ Sain-fhinné
- ◆ Garchabhair
- ◆ Oiliúint Líne Tosaigh
- ◆ Rotha Scrábacha
- ◆ Ceimicí PAI
- ◆ Safepass Scileanna Leictreacha
- ◆ Tuairiscí Teicniúla a Scríobh
- ◆ Lódaire Sluaisteach

Leabharlann Foirne

Tá leabharlann d'acmhainní foirne á fhorbairt sa Roinn Oiliúna. Le linn na bliana ceannaíodh agus próiseáladh stoc. Agus é críochnaithe, acmhainn luachmhar a bheidh ann do leabhair, irisleabhair agus ábhar AV.



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Réamhrá

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach go sonrach as seo a leanas:

- ◆ Oifigí
- ◆ Clár na nEiticí (Foireann & Comhaltaí)
- ◆ Cumarsáid Inmheánach & Seachtrach
- ◆ Plean Corporáideach
- ◆ Gearáin agus Achainí ó Chustaiméirí
- ◆ Deontais Ardoideachais
- ◆ Sláinte & Sábháilteacht
- ◆ Polasaí Gaeilge
- ◆ Daonlathas Áitiúil
- ◆ Riarachán Chruinnithe
- ◆ Clár na dToghthóirí
- ◆ Táscairí Seirbhíse
- ◆ Nascadh

Toghcháin Áitiúla

Rinne Rannóg na Seirbhísí Corparáide na toghcháin áitiúla do Chomhairle Contae na Mí, a tionóladh ar 11ú Meitheamh 2004, a éascú. Reachtáileadh an comhaireamh in Ionad CLG Bhaile Shiomóin thar tréimhse trí lá ón Satharn 12ú Meitheamh 2004 go Luan 13ú Meitheamh san áireamh.

Bhí líon iomlán de 63 iarrthóirí sa toghchán do chúig toghcheantar agus leagtar amach thíos na torthaí

[Dunahaughlin Area Local Elections Results \(pdf 38kb\)](#)

[Kell Areas Local Elections Results \(pdf 21kb\)](#)

[Navan Area Local Elections Results \(pdf 47kb\)](#)

[Slane Area Local Elections Results \(pdf 25kb\)](#)

[Trim Area Local Elections Results \(pdf 36kb\)](#)

Cumarsáid

Le linn na bliana ghlac Údarás Aitiúla na Mí le cinneadh dearfach chun cumarsáid onghníomhach a dhéanamh agus, nuair is féidir, comhthuiscint agus cumarsáid dhéthrooch a fheabhsú le comhaltaí, custaiméirí agus na meáin.

I measc an dtograí a cuireadh ar bhí foilsiú de nuachtlitreacha foirne agus poiblí, comhchomhairle dhíreach le comhaltaí tofa agus foireann, cláracha agus fógraíocht raidió, agus suirbhé cuimsitheacha d'ár bpáirtithe leasmhara seachtracha.



Suirbhé de Pháirtithe Leasmhara Seachtracha

D'iarr an comhairle ar Lansdowne Market Research suirbhé a dhéanamh ar a páirtithe leasmhara. Áiríodh sna grúpaí seo:

- ◆ Gnólachtaí sa Mhí
- ◆ Grúpaí Pobail agus Deonacha
- ◆ Clubanna agus eagrais spóirt
- ◆ Scoileanna
- ◆ Cumainn Tráchtála

Dhírigh an suirbhé go h-áirithe ar dhá phríomh-réimse:

- ◆ Taithí ar theagmháil leis an gcomhairle agus sástacht leis an dtaithe sin.
- ◆ Eolas agsu dearcadh maidir leis an bPlean Corparáide agus forbairt an phlean móide sástacht go ginearálta le seirbhísí na comhairle.

Ba é seo an chéad suirbhé den tsort seo a rinne Údarás Aitiúla na Mí agus ba chuid d'athbhreithniú ar an bPlean Corparáide é.

Comhchomhairle Dhíreach

Foireann

Cuireadh seisiún comhchomhairleacha inmheánacha ar bun, á n-éascú ag an Éascaitheoir Páirtnéireachta. Bainfear úsáid as ábhar a bailíodh mar bhunús le haidhmeanna sa Phlean Corparáide nua 2004 –2009, a fhoilseofar go luath sa bhliain 2005.

Comhaltaí Tofa

Eagraíodh seisiún comhchomhairleach grúpa do chomhaltaí tofa ar Údarás Áitiúla na Mí. Ciaran Lynch, Uas. ó Institiúid Thiobrad Árainn a bhí mar éascaitheoir ar an seisiún seo, a leagadh amach chun comhaontú agus comhoibriú a chinntiú ar aidhmeanna agus straitéiseanna le glacadh ag Údarás Áitiúla na Mí chun leasa an chontae.

Raidió Aitiúil

Le linn na bliana glacadh le gach deis chun raidió áitiúil a úsáid mar mhodh cumarsáide chun eolas a scaipeadh ar an lucht éisteachta ba mhó.

Cláracha

I bpáirtnéireacht leis an Rannóg Pobail & Fiontair craoladh 12 clár go rialta ar. Thug na cláracha seo poiblíocht do ghníomhaíocht na Comhairle i réimsí ar nós na seirbhísí a cuireadh ar fáil san hOifigí Mótarchánach, Deontais Ardoideachais, Deontais Tithíochta agsu Cláracha Feasachta Comhshaoil, agus eile.

Fógraí Eolais Poiblí

Le linn 2004 lean Údarás Áitiúla na Mí d'úsáid raidió d'fhógraí eolais poiblí. Craoladh na fógraí seo, a bhain le raon de nithe lena n-áirítear Oibreacha Bóthair, Briseadh i Soláthar Uisce agus Cruinnithe Poiblí ar chláracha nuachta ar feadh an lae.

Córas Bainistíochta Freagartha do Chustaiméirí

Mar chuid d'ár n-iarrachtaí chun an tseirbhís is fearr cumarsáide a thabhairt d'ár gcustaiméirí ar bhealach éifeachtach agus cuiditheach, chuir Seirbhísí Corparáide Córas Bainistíochta Freagartha do Chustaiméirí sa rannóg. Is í Roinn na Teicneolaíochta Faisnéise sa chomhairle a d'fhorbair an córas chun cuidiú le bainistíocht de theagmháil le custaiméirí agus na meáin ó lá go lá. Ligeann sé don rannóg plé leis na ceistanna ar fad ar bhealach inrianaithe agus tá ag éirí thar barr leis go dtí seo.

Deontais Ardoideachais


Sa bhliain 2004, chuidigh Comhairle Contae na Mí le mic léinn faoi Scéimeanna do Dheontais Ardoideachais 2003/2004 agus 2004/2005. Tá ranna éagsúla deontais ann mar a luaitear thíos:

- ◆ Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána
- ◆ Cothabháil Pháirteach (75%) agus Táillí Iomlána
- ◆ Cothabháil Pháirteach (50%) agus Táillí Iomlána
- ◆ Cothabháil Pháirteach (25%) agus Táillí Iomlána

Fuarthas 443 iarratas nua agus 449 iarratas athnuachana don bhliain acadúil 2004/2005. Luach €2,945 a bhí ar dheontas iomlán agus bhí caiteachas iomlán de bhreis agus €2.3m i 2004. Tá an caiteachas seo, seachas €14,045.55, ar fáil ar ais ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Don bhliain acadúil 2004/2005, d'íoc Comhairle Contae na Mí an deontas 'Ráta Speisialt Cothabhála' (Deontas Breise) le 101 mac léinn.

Is iad seo thíos na staitisticí ar iarratais a fuarthas le 3 bliana anuas:




Clár na dToghthóirí

Is iad seo a leanas na staitisticí a bhaineann le Clár na dToghthóirí 2004/2005:

◆ Toghthóirí na Dála	117,254
◆ Toghthóirí Uachtarántachta	116,300
◆ Toghthóirí Eorpacha	117,427
◆ Toghthóirí Áitiúla	118,387
◆ Vótálaithe Poist	296

Tugann an léaráid thíos cur síos ar Thoghthóirí Áitiúla de réir Thoghcheantair:




Saoráil Faisnéise

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, a ritheadh chun rochtain an phobail a cheadú do thaifid nach raibh ar fáil faoi reachtaíocht eile, i bhfeidhm ar údaráis áitiúla uilig ón 21ú Deireadh Fómhair 1998. Rinne an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 roinnt athruithe d'Acht 1997, an ceann is suntasaí ná bunú tháillí d'fhaisnéis neamh-phearsanta. Baineann na Rialacháin um Shaoráil Faisnéise (Táillí) 2003 le gach iarratas a fuarthas i ndiaidh 7ú Iúil 2003. Tá táille de €15 iníoctha as gach iarratas d'fhaisnéis neamh-phearsanta agus tá táille de €75 iníoctha i gcás iarratais ar athbhreithniú inmheánach. Caithfear táille de €150 a chur le hiarratais ar athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise.

Is iad seo a leanas staitisticí 2004 maidir le hiarratais Shaoráil Faisnéise.

Saoráil Faisnéise 2004

Status	Uimhir
Iarratais a Fuarthas	59
Líon na n-iarratas ceadaithe	27
Líon na n-iarratas diúltaithe	11
Líon na n-iarratas a ceadaíodh/diúltaíodh i bpáirt	1
Iarratais a aistríodh	4
Tarraingte siar nó pléite leo lasmuigh	12
Cásanna Beo ag deireadh 2004	4



**COMHAIRLE CONTAE NA MÍ - TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
AIRGEADAIS 2004*****Seirbhísi Airgeadais***

	Ioncam (€m)	Caipitil (€m)
Caiteachas		
Tithíocht & Tógáil	5.670	22.344
Bóithre Iompar agus Sábháilteacht	30.368	97.772
Uisce & Séarachas	16.004	27.200
Spreagadh & Smacht Forbartha	5.372	1.029
Cosaint ar Chomhshaoil	7.660	3.016
Conláistí & Áineas	4.069	5.015
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leasa	5.385	0.086
Ilghnéitheach	<u>3.429</u>	<u>3.693</u>
Iomlán	77.957	160.105
Ioncam (Féach foinsí maoinithe thíos)	41.350	169.888
Glan-aistrithe		(0.897)
Glan-chostas Ioncaim le maoiniú ón Chontae	(36.607)	
Rátaí	11.512	
Ciste an Rialtais Áitiúil	21.850	
Táillí Cathrach	0.983	
Aistriú ó (go) Cúlchistí	0.720	
Farasbarr/(Easnamh) don bhliain	(1.542)	8.886
Comhardú Oscailte (01/01/04)	(8.395)	1.805
Comhardú Dúnta	(9.937)	10.691
Foinsí Maoinithe		
Deontais agus Fordheontais Stáit	23.771	140.284
Iasachtaí		0
Fáltais eile		29.604
Cíosanna ó thithe	3.741	
Iasachtaí Tithíochta	1.018	
Uisce agus Séarachas Gnó	1.775	
Táillí Pleanála	2.555	
Imeachtaí Chonláistí agus Áineasa	0.387	
Táillí Dóiteáin	0.836	
Ranníocaíochtaí Pinsin	1.150	
Ilghnéitheach	6.117	
Iomlán	41.350	141.691



COMHAIRLE BAILE NA HUAIMHE

Ollradharc

Tá fás as cuimse tagtha ar An Uaimh le blianta beaga anuas agus aithnítear anois é ar cheann de na bailte is tapúla fáis sa tír. Tá an baile anois ar an naoiú baile is mó in Éirinn, lasmuigh de na cathracha.

Tugann Comhairle an Bhaile aghaidh ar dhúshláin ollmhóra agus í ag freagairt na riachtanaisí a thagann de bharr an fháis seo. Áirítear ina measc soláthar d'fheabhsúcháin ar laigí infreastruchtúrtha i mbóithre, uisce, dramhuisce agus áiseanna fónais.

Uisce

I mí Bealtaine 2004 cuireadh tús leis an gclár chun Príomhlíne Uisce Stroighin Aispeiste na hUaimhe a athrú. Tá Céim 1 le críochnú i mí Márta 2005 agus meastar go dtosóidh Céimeanna 2 agus 3 go luath sa bhliain 2005. Tá an scéim seo, a mbeidh costas €4.6m uirthi, meastar, fíor-riachtanach d'fhorbairt an bhaile agus cuirtear fáilte roimpi.

Clár Oibreacha Na Mbóithre

I measc chlár oibreacha na mbóithre agus an plean do bhainistíocht tráchta do 2004 bhí suiteáil thrasriain coisithe ag Ardán Uí Ghreamhnaigh agus ag an gclós súgartha i gClochar Buí. Tógadh foscadáin bhus ar Shráid an Iarnróid agus cuireadh trácht déthreo ar Bhóthar na Mainistreach, rud a chuidigh go mór leis an sruth tráchta sa bhaile.

Comhshaol

D'éirigh go han-mhaith le tograí chomhshaoil le linn 2004, lena n-áirítear péinteáil agus maisiúchán ar throsacán sráide, éadain siopaí agus oifig pleanála na comhairle ar Shráid an Iarnróid. Spreagadh an pobal agus na gnólachtaí chun baile slachtmhar a chur chun cinn agus bhí a rian sin air nuair a tháinig méadú sé phointe sa chomórtas do Bhailte Slachtmhara agus nuair a cuireadh an baile ar an ngearrliosta i gcomórtas Co-operation Ireland.

Tá athchóiriú déanta ar cheantair ghlasa ar nós Pháirc Bhrú na Bóinne agus Dúiche an Chúigiú Cúige, a d'oscail an Méara Alison Boyle i mí an Mheithimh 2004. Cuireadh feabhas ar an achar beag ar chúinne an Chuarbhóthair agus an N3 chun Cloch Chuimhneacháin na nOilimpeach Speisialta a ghlacadh.

Cuireadh tús le scéim feabhsúcháin chomhshaoil ag gabhal Bhóthar Áth Buí / Brews Hill / Bóthar Commons chun an ceantar seo a mhaisiú agus a fheabhsú.

Nascadh Bhailte

D'fhill toscairí nasctha ó Bobbio na hIodáile ar ár mbaile i mí Dheireadh Fómhair. Níos luaithe sa bhliain thug toscaireacht ón Uaimh, agus baill de chlub sacair Parkvillla ina measc, cuairt ar Bobbio chun naisc leis an mbaile a láidriú.



An Todhcaí

Príomhthograí

Deineadh feabhas suntasach sna tograí móra le linn na bliana.

- ◆ Lean an Chomhairle ar aghaidh le ceannach éigeantach na talún do Spás Cathrach Bhóthar an Chinnéidigh agus táthar ag súil le cinneadh ón mBord Pleanála sa bhliain 2005.
- ◆ Cuireadh Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaoil don Pháirc Cathrach nua 68-acra ar thaispeáint agus rachaidh an togra ar aghaidh go céim tairisceana le linn 2005.
- ◆ Cuireadh an staidéar féidirtheachta ar fhorbairt na Faiche faoi bhráid na gcomhaltaí i mí na Nollag 2004 agus déanfar é a phlé arís i 2005.
- ◆ Cuireadh tús leis an Amharclann / Ionad Ealaíon i Meán Fómhair 2004 agus meastar an obair a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2005.

Clár Oibre 2004

- ◆ Bóthar na Mainistreach – trácht déthreo
- ◆ Lána Leighsbrook – Cosán a thógáil ar chlé
- ◆ Ascaill Uí Chonghaile – Soláthar rampaí
- ◆ New Cornmarket – Cosáin, soilse, marcann bóthair agus draenáil a sholáthar
- ◆ Bailtíní Naomh Éanna – Cosáin a sholáthar
- ◆ Corrán Fhearann na Mainistreach – Rampaí a chur isteach agus bóthar a dheisiú
- ◆ Ardán Phádraig – Erection of barrier
- ◆ Bailtíní Mhic Dhiarmada / Páirc Pharnell – Bóithre a dheisiú
- ◆ Tithíocht – Deineadh suirbhé chun riocht na bhfuinneog, doirse, cláracha agus éadain tairr a mheas.

Ballraíocht

- ◆ Alison Boyle
- ◆ Andy Brennan
- ◆ Shane Cassells
- ◆ John Duffy
- ◆ Pádraig Fitzsimons
- ◆ Anne Gibney
- ◆ Jim Holloway
- ◆ Joe Reilly
- ◆ Tommy Reilly

Foireann

	Ainm
Bainisteoir	Jackie Maguire
Innealtóir Baile	Pat Kinsella
Cléireach Baile	Fergus Muldoon



Bailitheoir Ioncaim	Liam Kealy
Maor Baile	Raymond Mooney
Garraíodóir	Michelle Grimes
Maoir Tráchta	Brian Brereton, Robert O'Reilly, Seamus Brady, Brendan kenny



CHOMHAIRLE BHAILE ÁTHA TROIM

Ollradharc

Leanann Comhairle Baile Bhaile Átha Troim dá ról lárnach i bhforbairt an bhaile. Ag obair i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil, agus an t-infreastruchtúr fisiciúil á sholáthar, á chothabháil agus á fheabhsú aici, tá sí chun tosaigh ag soláthar áiseanna áineasa agus ag forbairt an infreastruchtúir sóisialta chun riachtanais an bhaile atá ag fás go tapaidh a shásamh. Is mian léi tionscnaimh agus tograí ag an leibhéal áitiúil a éascú agus tacú leo.

Tá a fhios ag an gcomhairle go bhfuil gá le dearcadh forásach agus dearfach ag pobal an bhaile agus a n-ionadaithe tofa maidir le forbairt Bhaile Átha Troim. Tá sé seo riachtanach sa chaoi is go gcuirfear na nithe seo a leanas ar fáil: fostaíocht dúchasach, ionaid seirbhíse feabhsaithe i dtéarmaí siopadóireachta, bia, lóistín oíche, siamsaíocht, na healaíona agus ionaid sóisialta don phobal áitiúil agus do thurasóirí.

D'éirigh leis an gComhairle Baile cheana féin roinn rialtais (OPW) a mhealladh faoi chlár dílarnuithe an Rialtais.

Droichead Shráid Gheata an Uisce

Osclaíodh Droichead nua Shráid an Gheata Uisce go hoifigiúil i Meán Fómhair 2004. Buntáiste mhór don bhaile is ea é agus cheadaigh sé córas aon-bhealaigh ar an seandroichead, á dhéanamh níos sábháilte, do choisithe ach go háirithe.

FBD Milk Rás 2004

Bhí Baile Átha Troim mar cheann de chéimeanna ar an Rás i 2004 Rás agus ba bhuaicphointe é seo sa bhliain.

Cluichí Oilimpeacha Speisialta

Nochtadh leac cuimhneacháin do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta ar Shráid an Chaisleáin, Baile Átha Troim, i gcuimhne ar an ócáid stairiúil nuair a bhí an baile mar óstach.

Athlonnú Oifigí na Comhairle

Athlonnaíodh oifigí na Comhairle go dtí an teach athchóirithe Áras Bhaile Uí Mhornaín, Bóthar Chnoc an Línsigh, Baile Átha Troim.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Spreagadh don bhaile is ea oifigí na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ó bhog siad do dtí iar-oifigí na comhairle ar Shráid an Mhuilinn.



Pride of Place

Tháinig Baile Átha Troim chun tosaigh i mGradaim “Pride of Place” i 2004, sa dara áit i ndiaidh Broughane, Co. Aontroma sa chatagóir do bhailte móra (á mhaoiniú ag Co-Operation Ireland).

Mar thoradh ar thionscnaimh eile ó Choiste na mBailte Slachtmhara, an Cumann Gnó agus Youthreach, chomh maith le cumainn áititheoirí, bhí an pobal ar fad ag obair le chéile chun íomhá an bhaile a fheabhsú. Dá bharr sin tá bunús ann le go mbeidh Baile Átha Troim san iomaíocht go maith i gcomórtas na mBailte Slachtmhara agus Gradam Idirnáisiúnta Pobail Beo i 2005.

Tacaíocht d’ár bPobal

Lean Comhairle Baile Bhaile Átha Troim ag tabhairt tacaíocht airgid don phobal áitiúil agus d’eagrais éagsúla ina n-iarrachtaí chun an comhshaoil áitiúil a fheabhsú. Rinne an Chomhairle soláthar airgeadais dos na nithe seo a leanas le linn 2004.

Cúnamh Airgid 2004

Eagras	Méid (€)
Turasóireacht an Chósta Thoir agus Lártíre	2000
Bailte Oidhreachta na hÉireann	1500
Cothú do Thurasóireacht Áitiúil	4400
Cuidiú do Chumann Ealaíona	500
Deontais Áineasa do Chumainn Aititheoirí agus tograí nua	7000
Béilí Scoile	6000

Áineasa, Áiseanna agus Feabhsú ar an mBaile

Tá an Chomhairle Baile tiomanta chun breis áiseanna áineasa a sholáthar sa bhaile. I rith na bliana chuir sí cosán nua ar fáil sna Fearainn Póirse a leanfar go Droichead an Bhaile Nua sna blianta amach anseo, táthar ag súil. Cuireadh comharthaí nua sráide agus troscán sráide ar fáil, agus thosaigh forbairt ar pháirc nua idir na h-eastáit Avondale agus Elder Grove agus an abhainn.

Tugann an Chomhairle Baile cúnamh airgid do Shábháilteacht Abhann agus do sheirbhísí linn snámha, leabharlainne agus dóiteáin – iad uilig ina mbuntáiste mhór don bhaile agus lucht an bhaile.

Leanann an Chomhairle ag cothú agus ag glacadh páirt sa mhalartú cultúrtha le Etrepagny na Fraince.

Tá clós súgartha na bpáistí ina chúis áthais i gcónaí. Tá measúnú á dhéanamh ar dhromchla nua.

San am atá romhainn, tá súil ag an gComhairle Baile go mbeidh amharclann nua sa bhaile, maraon le linn snámha nua, sprioc atá ag Comhairle Contae na Mí freisin.



Tithíocht

Leanann an Chomhairle Baile de chothabháil ar a tithíocht chun caighdeán ard tithíochta a sholáthar don líon is mó daoine agus is féidir. Críochnaíodh an Clár um Théamh Lárnach i 2004, agus tá téamh lárnach i mgach ceann de thithe na Comhairle Baile anois.

Toghcháin Áitiúla

Bhí Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha ann i Meitheamh 2004.

Ath-toghadh 6 de chomhaltaí a bhí ann cheana ar Chomhairle Baile Bhaile Átha Troim agus toghadh triúr nua - tá ag éirí go maith leis an naonúir ar fad agus iad ag opbair ar son an bhaile agus a phobail.

Guímid gach rath ar an dtriúr iar-chomhalta den chomhairle.

Ballraíocht

- ◆ Ray Butler
- ◆ Phil Cantwell
- ◆ Trevor Golden
- ◆ Robbie. Griffith
- ◆ Vincent McHugh
- ◆ Caroline Ní Loinsigh
- ◆ Danny O'Brien
- ◆ Jimmy Peppard
- ◆ Gerry Reilly

Foirne

	Ainm
Bainisteoir	Oliver Perkins
Cléireach Baile	Larry McEntee
Innealtóir Baile	Mark Farrell
Saoiste Baile	Anthony Conlon
Maor Trachtála	Cathal Rogers
Bailitheoir Ioncaim	Sean Colgan



COMHAIRLE BAILE NA CEANNAS

Ollradharc

Is í Comhairle Bhaile Cheannais an t-údarás áitiúil do cheantar cathrach Cheannais. Tá naonúir comhairleoirí ann a thoghtar go díreach do thréimhse 5 bhliana.

Cuireann an Chomhairle réimse leathan seirbhísí ar fáil atá riachtanach d'fhorbairt agus feidhmiú an bhaile. Áirítear ina measc tithíocht, smacht ar phleanáil, pleanáil forbartha, seirbhísí sláintíochta (i gcomhar le Comhairle Contae na Mí), bóithre an bhaile agus comhshaol. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle ranníocaíocht airgid don Chomhairle Contae chun tacú le seirbhísí áirithe ar fud an chontae ar nós seirbhís dóiteáin, linnte snámha agus leabharlanna.

Tá buiséad de €2.4milliún ag an gComhairle faoi láthar, agus caitear cuid suntasach de sin go díreach sa bhaile.

Is príomh-sholáthróir seirbhísí í Comhairle Bhaile Cheannais sa bhaile atá ag fás agus cuireann sí fóram daonlathach agus ionadaíoch ar fáil do phobal Cheannanus Mór.

An Todcháí

Siopa Uilíoch Cheannais

Dhear William Caldebeck Halla Bhaile Cheannais mar bhanc in 1853 agus deineadh Halla an Bhaile de i 1974. Sa bhliain 2005, thosaigh obair ar fhorbairt leathan ar an bhfoirgneamh chun é a dhaingniú mar lárionad riaracháin don Udarás Aitiúil sa bhaile agus sa toghcheantar. Tá an foirgneamh á leathnú ó c. 3,000 troigh cearnach go c. 9,500 troigh cearnach ar chostas €4 mhilliún. Tá an-chúram á dhéanamh chun deathréithe ailtireachta an fhoirgnimh agus na háite ina bhfuil sé lonnaithe a chaomhnú. Nuair a osclófar é, cuirfidh an Siopa Uilíoch réimse seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil ar fáil lena n-áirítear pleanáil, tithíocht agus mótarcháin.

Nuair a chríochnófar i Samhradh 2006 é, is foirgneamh é Halla Bhaile Cheannais a léireoidh baile atá ag féachaint ar aghaidh agus bródúil as a stair.

Forbairt Eacnamaíochta i gCeanannas

Lárionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Cheannais

Tá áthas ar Chomhairle Bhaile Cheannais seoladh Lárionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Cheannais (KETC) a fhógairt. Tá an lárionad, a bheidh lonnaithe i bPáirc Thionsclaíoch Lloyd, Bóthar an Chabháin, le hoscailt i mí Meán Fómhair 2006. Bunaíodh Kells Enterprise & Technology Centre Ltd. chun forbairt an lárionaid a mhaoirsiú. Is í príomhfheidhm an chomhlachta ná aonaid cuidithe/spás oibre a sholáthar d'earnáil an déantúis agus na seirbhíse teicneolaíochta a sholáthar ar cháin eacnamaíoch chun cuidiú le fás ghnólachtaí beaga agus chun costais tosaithe a laghdú.



Foirgneamh dhá-stór atá sa Lárionad, le achar de 2280m² agus tá aonaid ann idir 20m² agus 750m². Tá an lárionad inrochtana ina iomláine. Tá dearadh an lárionaid ag freastal ar infreastruchtúr nua-aimseartha TF, seomraí cruinnithe, seomra oiliúna agus áis fhíschomhdhála. Soláthróidh an lárionad seirbhísí fáiltithe/rúnaíochta, áiseanna cruinnithe agus comhdhála maraon le comhairle ghnó.

Tá tacaíocht ag KETC ó Chomhairle Bhaile Cheannais, Enterprise Ireland agus Bord Fiontar Chomtae na Mí. Tugadh maoiniú don togra faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006, ón Aontas Eorpach agus Rialtas na hÉireann.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le Bord Fiontar Chontae na Mí ar 046-9078400 nó le ríomh-phostas ag Kells@meath.com

Páirc Ghnó Cheannais

Go déanach sa bhliain 2004, cheannaigh Comhairle Bhaile Cheannais thart ar 10 n-acra breise ar Bhóthar an Chabháin chun Páirc Thionsclaíoch Lloyd a chruthú. Faoi láthair tá thart ar 5 acra ar fáil chun freastal ar fhorbairt thionsclaíoch.

Toghcháin Áitiúla

Bhí Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha ann i Meitheamh 2004.

Ath-toghadh 6 de chomhaltaí a bhí ann cheana ar Chomhairle Baile Bhaile na Ceannas agus toghadh triúr nua - tá ag éirí go maith leis an naonúir ar fad agus iad ag opbair ar son an bhaile agus a phobail.

Comhairleoirí Bhaile Cheannais – Sonraí Teagmhála

- ◆ Curran, An Comhairleoir Brian, 4 St. Colmcille's Villas, Kells (Neamh-Pháirtí) - Teil: 046-9249984; R-phostas – bcurran@members.kellstc.ie
- ◆ Caffrey, An Comhairleoir Peter, Cavan Road, Kells (F.F.) - Teil: 046-9241145; R-phostas: pcaffrey@members.kellstc.ie
- ◆ Collins, An Comhairleoir Brian, Cavan Road, Kells (Lucht Oibre) - Teil: 087-6829205; R-phostas: bcollins@members.kellstc.ie
- ◆ Drew, An Comhairleoir Sean, 8 Kenlis Crescent, Kells (F.F.) - Teil: 046-9280080/9249215; R-phostas: sdrew@members.kellstc.ie
- ◆ Farrelly, An Comhairleoir A.O., Moycottage, Maudlin Street, Kells (F.F.) - Teil: 086-8625142; R-phostas: aofarrelly@members.kellstc.ie
- ◆ Ferguson, An Comhairleoir Conor (Leas Cathaoirleach), 14 Fr. McCullen Park, Kells (S.F.) - Teil: 087-2211102; R-phostas: cferguson@members.kellstc.ie
- ◆ Grimes, An Comhairleoir Tommy (Cathaoirleach), 14 Fr. McCullen Park, Kells (Lucht Oibre) - Teil: 046-9241025; R-phostas: tgrimes@members.kellstc.ie
- ◆ Reilly, An Comhairleoir Bryan, Rockfield Road, Kells (F.F.) - Teil: 086-8599184; R-phostas: breilly@members.kellstc.ie
- ◆ Sweeney, An Comhairleoir Oliver, Hurdlestown, Kells (F.G.) - Teil: 046-9240518; R-phostas: osweeney@members.kellstc.ie



Ballraoicht

- ◆ Peter Caffrey
- ◆ Brian Collins
- ◆ Brian Curran
- ◆ Sean Drew
- ◆ AO Farrelly
- ◆ Conor Ferguson
- ◆ Tommy Grimes
- ◆ Bryan Reilly
- ◆ Oliver Sweeney

Foirne

	Ainm
Bainisteoir	Brendan McGrath
Cléireach an Bhaile	Bill Sweeney
Innealtóir Baile	Tom Traynor
Bailitheoir Cíosa/Ráta	Noel McMahon
Saoiste Baile	Pat McCabe
Maor Trachtála	Ian Brecknell
Bailitheoir Ioncaim	Noel McMahon